# PSRA

## An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

*Tuarascáil Bhliantúil 2017*



# Clár Ábhair


| | Leathanach |
|---|---|
| Réamhrá ón gCathaoirleach | 2 |
| Réamhrá ón bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin | 3 |
| Cé muid féin | 4 |
| Ballraíocht an Údaráis | 5 |
| Ról an Údaráis | 7 |
| Misean agus Luachanna | 8 |
| Plean Straitéiseach | 9 |
| Cuspóir 1 - Ceadúnú | 10 |
| Cuspóir 2 - Imscrúduithe | 15 |
| Cuspóir 3 - Feasacht an phobail ar an Údarás a chur chun cinn | 24 |
| Cuspóir 4 - Clár Phoiblí | 26 |
| Cuspóir 5 - Acmhainní | 28 |
| Cuspóir 6 **-** Beartais agus Struchtúir Rialachais | 30 |
| **Aguisín 1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach** | 34 |



# Réamhrá le Geraldine Clarke, Cathaoirleach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil 2017 den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine a chur i láthair.

Ba bhliain an-táirgiúil í an bhliain 2017 don Údarás. Rinneadh tuilleadh forbartha agus feabhsaithe ar an bpróiseas ceadúnaithe ar líne go luath i 2017 agus mar thoradh air sin bhí nós imeachta furasta éifeachtach i bhfeidhm do cheadúnais a eisiúint do cheadúnaithe ag buaicam athnuachana i mí Iúil.

Cé go bhfuil infhaighteacht fhoirne leordhóthanaí fós mar dhúshlán don Údarás, ba mhór an chabhair ar tugadh don Údarás leis na hacmhainní seachfhoinsithe a úsáideadh chun dul i ngleic le himscrúduithe comhlíonta agus d'éascaigh siad an cur i gcrích de thart ar 650 iniúchadh faoi dheireadh na bliana. Ghlac an ghairm go fonnmhar leis na himscrúduithe comhlíonta seo agus creidim gur admhaítear go ginearálta anois gur uirlis luachmhar iad chun cuidiú le ceadúnaithe a gcuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Leis an gcomórtas earcaíochta oscailte um Chigire Rialála soláthraíodh acmhainní breise a bhíomar ag tnúth leo chun déileáil le riaráistí i láimhseáil na ngearán, réimse arb mhian leis an Údarás aghaidh a thabhairt air.

Tugadh faoi roinnt tionscadal tábhachtacha agus cuireadh i gcrích iad i rith 2017. Ina measc, bhí tairiscint rathúil maidir le seachadadh scéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, foilsiú den dara Plean Straitéiseach de chuid an Údaráis 2017-2020, an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a chur faoi árachas agus feachtas meáin éifeachtach a mheabhraíonn do thionóntaí de mhaoin tráchtála faoina gcuid oibleagáidí reachtúla maidir le léasanna tráchtála a chlárú leis an Údarás.

Ba mhodh rathúil agus taitneamhach chun rannpháirtíocht agus idirphlé a chur chun cinn idir an pobal agus baill na n-earnálacha maoine é an comhoibriú d'earnálacha maoine gaolmhara ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. D'fhreastail an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Charlie Flanagan, TD, ar an ócáid chun Tuarascáil Bhliantúil 2016 an Údaráis a sheoladh, agus bhí sé ina bhuaicphointe den ócáid.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do thacaíocht bhaill Bhord an Údaráis a bhfuil a raon éagsúil de shaineolas agus de thaithí an-tairbheach d'fheidhmeanna reachtúla an Údaráis a chomhlíonadh. Tá a dtiomantas agus a ndíograis ríthábhachtach do rath leanúnach an Údaráis.

Níorbh fhéidir na héachtaí a bhaint amach i mbliana gan an fhís agus tiomantas dár bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Maeve Hogan, agus gan an obair chrua agus díograis d'fhoireann an Údaráis. Mar thoradh ar a n-iarrachtaí leanúnacha, tá leibhéal gnóthachtála baint amach i ngach ceann d'fheidhmeanna an Údaráis. leibhéal a bhfuilimid bródúil as agus a thugann deis dúinn féachaint ar aghaidh le muinín ar na blianta atá le teacht.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Charlie Flanagan TD agus le foireann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais as a dtacaíocht agus cúnamh luachmhar leanúnach.



**Geraldine Clarke**
*Cathaoirleach*



# Réamhrá le Maeve Hogan, Príomhfheidhmeannach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Tá an-áthas orm mar Phríomhfheidhmeannach an PSRA an tríú tuarascáil bhliantúil maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana a chur i láthair. Mar thoradh ar obair leanúnach an Údaráis rinneadh córas rialála a shruthlíniú lena mbunaítear caighdeáin, a chuireann gairmiúlacht chun cinn agus a chosnaíonn leasanna tomhaltóirí.

D'fhoilsigh an tÚdarás a dara Plean Straitéiseach, Plean Straitéiseach 2017-2020, ina dtugtar mionsonraí ar roinnt tionscadal maidir le héifeachtúlachtaí breise a sheachadadh. Áirítear orthu seo cur i gcrích na n-iarratas a rinneadh ar líne, clárúcháin de léas tráchtála agus forbairt den Chód Caighdeáin don earnáil.

Tháinig an tionscadal athnuachana ceadúnais furasta ar líne i bhfeidhm go hiomlán i 2017, lenar seachadadh éifeachtúlachtaí suntasacha do cheadúnaithe maidir lena n-iarratais ceadúnais a athnuachan agus d'fhoireann an Údaráis chomh maith. Tá éifeachtúlachtaí leanúnacha fós á mbaint amach ón tionscadal seo, go háirithe amanna próiseála agus eisiúna d'iarratais cheadúnais.

D'fhonn an seachadadh d'fhoghlaim agus forbairt leanúnach a éascú agus d'fhonn gairmiúlacht san earnáil a mhéadú, d'oibrigh an tÚdarás le hOifig an tSoláthair Rialtais (OGP) agus d'eisigh sé tairiscint maidir le seachadadh scéim FGL an PSRA. Tar éis an phróisis tairisceana, rinne dhá aonán a chreidiúnú, An Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla (IPAV) agus Cumann Shuirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) chun FGL a sheachadadh thar ceann an PSRA. Seachadfar an clár FGL thar roinnt ardán lena n-áirítear ar líne agus ar bhonn réigiúnach.

Ba é an chéad uair a fhreastalaíomar ar an gComórtais Náisiúnta Treabhaidh, agus ba í seo an bhuaicphointe do 2017. Ag an gcomórtas seo, chomhoibrigh aonáin ghaolmhara ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, faoin meirge "Ionad Náisiúnta Maoine agus Faisnéise Talún". In éineacht leis an Údarás bhí an Oifig Luachála, an tÚdarás Clárúcháin Maoine, an Suirbhéireacht Ordanáis, SCSI, IPAV agus Myhome.ie. Bhí an-áthas ar an Údarás go raibh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Charlie Flanagan TD, leis an Údarás ag an imeacht Treabhaidh chun a Thuarascáil Bhliantúil 2016 a sheoladh. Ós rud é gur éirigh go hiontach leis an gcomhoibriú seo, beidh an tÚdarás lena comhpháirtithe ag an ócáid i 2018. Mar chuid d'fheachtas faisnéise an Údaráis eagraíodh roinnt seimineár réigiúnach inar tugadh cuireadh do cheadúnaithe freastal orthu. Cosúil le blianta roimhe seo, ghlac na ceadúnaithe páirt dhearfach thairbheach ann, lena dtaithí féin agus lena moltaí ábhartha agus gaolmhara féin.

Leanann an tÚdarás lena gcuid acmhainní a dhíriú ar a phríomhfheidhmeanna, lena n-áirítear ar a chóras imscrúdaithe agus ar bhreithniú a dhéanamh gearáin i gcoinne soláthraithe seirbhísí maoine. Bhí infhaighteacht na gcigirí breise seachfhoinsithe allamuigh mar chúis le thart ar 650 iniúchadh comhlíonta a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2017 agus bhí leibhéal suntasach comhlíonta ag ceadúnaithe. Tar éis comórtais oscailte a bhí tiomnaithe do Chigirí Rialála, bhí an tÚdarás ábalta ardú céime agus sannadh a dhéanamh ón bpainéal seo a chuideoidh le príomhchuspóirí eagrúcháin a sheachadadh.

Tá méadú leanúnach ag teacht ar Chiste Cúitimh an Údaráis agus faoi dheireadh na bliana b'ionann luach iomlán an Chiste agus thart ar € 3.1 milliún. Tar éis dul i dteagmháil leis na frithghealltaithe, d'éirigh leis an Údarás an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a dhearbhú i mí Dheireadh Fómhair 2017. Bhunaigh an tÚdarás Coiste Comhairleach um Chiste Cúitimh chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar dheontais ón gCiste agus moltaí a dhéanamh don Údarás maidir le hiarratais a dheonú, a dheonú go páirteach nó a dhiúltú. Faoi dheireadh na bliana, bronnadh deontais de luach iomlán de € 198,337 maidir le tríocha trí éileamh ar an gCiste.

Ní bheadh an dul chun cinn atá déanta go dtí seo indéanta murach díograis agus tiomantas fhoireann an Údaráis a thug an oiread sin tacaíochta dom i mo ról agus ba liom fíorbhuíochas a ghabháil leo go léir.

**Maeve Hogan**
*Príomhfheidhmeannach*

# Cé muid féin

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (an tAcht) agus is é an comhlacht reachtúil a bhfuil an fhreagracht aige as ceadúnú agus rialáil a dhéanamh maidir le tionscal na seirbhísí maoine in Éirinn.

Is é an tUasal Maeve Hogan Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis. Tá an ceanncheathrú lonnaithe sa Uaimh, Co. na Mí ó bunaíodh é, bunaíodh an dara hoifig i gCearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath 2 i mí na Nollag 2013. Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí 23 ball foirne lánaimseartha ag an PSRA chomh maith le Príomhfheidhmeannach an Údaráis, agus tugadh cead dó do 6 ball foirne breise a thosóidh ag obair leis an Údarás go luath i 2018.

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcleachtadh a chuid feidhmeanna. Tá an tÚdarás faoi chathaoirleacht Geraldine Clarke, Dlíodóir, agus tá a chomhaltas comhdhéanta de thionscal na seirbhísí maoine agus ionadaithe leasa tomhaltóra.

Déantar foráil sa reachtaíocht lena mbunaítear an tÚdarás do cheadúnas a thabhairt do roinnt catagóirí de sholáthraithe seirbhísí maoine, is iad sin:

### *Ceantálaithe / Gníomhairí Eastáit*
Daoine atá i mbun ceantála maoine seachas talamh (Ceadúnas de Chineál A) agus daoine atá i mbun talamh a dhíol de réir cibé bealach (Ceadúnas de Chineál B)

### *Gníomhairí Ligin*
Daoine atá i mbun talamh a ligean (Ceadúnas de Chineál C)

### *Gníomhairí Bainistíochta*
Daoine atá i mbun seirbhísí bainistíochta a sholáthar thar ceann Comhlachtaí Bainistíochta (Ceadúnas de Chineál D).

# Ballraíocht an Údaráis

Ní mór don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, aird a thabhairt nuair a cheapann sé baill don Údarás faoin Acht, ar an inmhianta go bhfuil eolas an taithí acu ar ghnóthaí tomhaltóra, cúrsaí gnó, airgeadais, bainistíochta nó riaracháin nó ar aon ábhar eile, i dtuairim an Aire, a chuideodh leis an Údarás a chuid feidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh.

Mar sin féin, forordaítear faoin Acht freisin nach mór an méid seo a leanas a bheith san áireamh i mballraíocht an Údaráis:
(a) ní fhéadtar níos mó ná 3 dhuine ina n-ionadaithe do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine, agus
(b) ní fhéadtar níos lú ná 3 dhuine a bhfuil eolas acu ar ghnóthaí tomhaltóra, nó a bhfuil taithí acu orthu.

Comhlíonann ballraíocht an Údaráis leis an gceanglas reachtúil atá leagtha amach thuas.

Is iad seo a leanas baill an Údaráis:

An tUasal Geraldine Clarke *(Cathaoirleach)*
An tUasal Patrick Davitt
An Dr. Muiris O'Ceidigh
An tUasal Edward Carey
An tUasal Hilary Griffey
An tUasal Deirdre Fox
An tUasal Martin Hanratty
An tUasal Josephine Henry
An tUasal Paul Mooney
An Dr Aideen Hayden
An tUasal Regina Terry

Bunaíodh dhá Choiste den Údarás i 2017:

**An Coiste Iniúchta agus Riosca:** tá dhá bhall den Údarás agus beirt bhall neamhspleácha air. Is iad seo a leanas baill an Choiste Iniúchta agus Riosca: An tUasal Deirdre Fox (Cathaoirleach), an Dr. Muiris O Ceidigh, An tUasal Theresa Carolan (neamhspleách) agus an tUasal Myles O Reilly (neamhspleách).

**Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh:** Tá triúir bhall den Údarás ar Choiste Comhairleach an Chiste Cúitimh: An Dr Aideen Hayden, an Dr Muiris O'Ceidigh agus an tUasal Hilary Griffey. Bunaíodh an Coiste i 2017 chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar dheontais ón gCiste Cúitimh. Déanann an Coiste Comhairleach, tar éis breithniú a dhéanamh ar na hiarratais ar dheontais, moladh chun éilimh chuig Bord an Údaráis a dheonú, a dheonú go páirteach nó a dhiúltú.

*Bord an Údaráis agus Cruinnithe Coiste*

Tá líon chruinnithe an Bhoird agus a Choistí agus tinreamh bhaill an Bhoird ag an gcéanna leagtha amach thíos:

| Ainm Bhall an Údaráis | Bord | Coiste an Chiste Cúitimh | An Coiste Iniúchta & Riosca |
|---|---|---|---|
| Iomlán | 5 | 3 | 3 |
| Geraldine Clarke | 5 | - | - |
| Edward Carey | 5 | - | - |
| Paul Mooney | 4 | - | - |
| Patrick Davitt | 4 | - | - |
| Deirdre Fox | 5 | - | 3 |
| Martin Hanratty | 5 | - | - |
| Josephine Henry* | - | - | - |
| Regina Terry | 4 | - | - |
| An Dr. Muiris O'Ceidigh | 4 | 2 | 2 |
| Hilary Griffey | 5 | 2 | - |
| An Dr Aideen Hayden | 5 | 3 | - |

* Bhí an tUasal Josephine Henry as láthair ar saoire i rith 2017.

# Ról an Údaráis

Is é príomhról an Údaráis cuspóirí na reachtaíochta a chur i bhfheidhm agus a chinntiú go mbaineann na daoine sin a bhfuil ceadúnas acu chun seirbhísí maoine a chur ar fáil na caighdeáin is airde maidir le soláthar seirbhíse amach agus go dtugtar cosaint iomlán don tomhaltóir trí fhorálacha an Achta a chur i bhfeidhm go mion.

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Údaráis:

- Rialú, maoirseacht agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (i.e. Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta); Córas cuimsitheach ceadúnaithe a fheidhmiú lena gcumhdaítear gach Soláthróir Seirbhísí Maoine;
- Caighdeáin a shainiú agus a fhorfheidhmiú le ceadúnais a thabhairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (m.sh. caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéil árachais shlánaíochta gairmiúla), agus; caighdeáin atá le sásamh ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil (m.sh. caighdeáin theicniúla, caighdeáin eiticiúla cuí);
- Córas imscrúdaithe agus breithiúnais gearáin i gcoinne Soláthraithe Seirbhísí Maoine a bhunú agus a riaradh.
- Córas imscrúdaithe caighdeáin a bhunú agus a riaradh maidir le soláthar de Sheirbhísí Maoine;
- Smachtbhannaí a fhorchur ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine mar gheall ar iompar míchuí (lena n-áirítear fíneálacha suas go €250,000 agus cúlghairm cheadúnais);
- Cosaint bhreise do thomhaltóir a chur chun cinn chomh maith le feasacht an phobail maidir le seirbhísí maoine go ginearálta;
- Ciste Cúitimh a bhunú, a chothabháil agus a riaradh chun cúiteamh a thabhairt do chliaint a chailleann airgead mar thoradh díreach ar mhímhacántacht Soláthróir Seirbhísí Maoine;
- Cóid Cleachtais a fhorbairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine;
- Clár Poiblí de Phraghsanna Díolacháin Mhaoine a bhunú agus a chothabháil;
- Bunachar Sonraí maidir le Leasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil;
- Clár Poiblí na Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil;
- Feidhmiú mar Údarás Inniúil Stáit maidir le Sciúradh Airgid;
- Cuidiú leis an Aire ó thaobh forbairt a dhéanamh ar bheartas a bhaineann le rialáil ar Thionscal na Seirbhísí Maoine; agus
- Tabhairt faoi thionscadail taighde nó iad a choimisiúnú.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measann sé go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais do 2017 ar fheidhmíocht airgeadais an PSRA agus a seasamh airgeadais ag deireadh na bliana sin.

# Misean agus Luachanna

## Misean

Is é misean an Údaráis rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar Cheantálaithe, ar Ghníomhairí Eastáit, ar Ghníomhairí Ligin agus ar Ghníomhairí Bainistíochta agus leas an phobail a chosaint sa chaidreamh a bhíonn acu leo, trína chinntiú go gcoimeádtar ardchaighdeáin maidir le seachadadh de sheirbhísí maoine.

## Luachanna

### Leas an Phobail

Tá an tÚdarás tiomanta dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

### Dea-Rialachas

Tá an tÚdarás tiomanta do chomhlíonadh le hardchaighdeáin rialachais agus ionracas, agus dá ghnó a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus ó thaobh costais de.

### Comhairliúchán

Tá an tÚdarás tiomanta do rannpháirtíocht a dhéanamh lena chuid geallsealbhóirí maidir le forbairt leanúnach agus seachadadh seirbhísí an Údaráis.

### Tiomantas don Fhoireann

Tá an tÚdarás tiomanta do thacaíocht a thabhairt dá bhfoireann chun a chuid cuspóirí straitéiseacha a sheachadadh agus gairm bheatha atá sásúil a fhorbairt laistigh den eagraíocht.

# Plean Straitéiseach d'Údarás Rialála Seirbhísí Maoine

Sa dara Plean Straitéiseach d'Údarás Rialála Seirbhísí Maoine (PSRA) clúdaítear an tréimhse ó mhí Meán Fómhair 2017 go mí Lúnasa, 2020 agus leagtar amach na príomhcheisteanna, nach mór don Údarás aghaidh a thabhairt orthu i rith na tréimhse seo. Tógann an plean seo ar an obair agus ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo le linn an chéad phlean straitéisigh agus soláthraítear bealach do threoir straitéiseach an Údaráis. Sa phlean straitéiseach dírítear ar:

- feabhas a chur ar struchtúir , ar chórais, ar nósanna imeachta, ar phrótacail, ar rialacha agus ar rialacháin eagraíochtúla atá bunaithe ó chuir an tÚdarás tús lena chuid oibre agus atá bunúsach d'fheidhmiú fadtéarmach an Údaráis, agus
- a chinntiú go leanfaidh le creat rialála láidir a chur i bhfeidhm sa tionscal.

Sa Phlean Straitéiseach, leagtar amach ról, cuspóirí agus treo an PSRA agus tugtar tuairisc ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo a bheidh mar chúis le trédhearcacht agus chomhsheasmhacht maidir le ceadúnú, rialáil agus rialú soláthraithe seirbhísí maoine agus ó thaobh eolas a chur ar fáil do thomhaltóirí. Leagtar amach sa Straitéis freisin cad a bhfuil an tÚdarás ag súil le baint amach agus an bealach a bhfuil sé i gceist aige mar eagraíocht na cuspóirí sin a sheachadadh. Dá bhrí sin, is é seo an croí-cháipéis as a mbainfear pleanáil ghnó, bainistíocht feidhmíochta agus forbairt na heagraíochta. Chun críocha na Tuarascála Bliantúla seo, tá na spriocanna atá leagtha amach thíos bunaithe ar an bPlean Straitéiseach atá i bhfeidhm ag tús na bliana 2017.

Ghlac an tÚdarás na príomhchuspóirí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **CUSPÓIR 1:** | **Córas cuimsitheach ceadúnaithe a choimeád le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine;** |
| **CUSPÓIR 2:** | **Córas imscrúdaithe agus breithiúnais de chaighdeáin i seachadadh seirbhísí maoine a choimeád;** |
| **CUSPÓIR 3:** | **Feasacht an phobail ar an Údarás a chur chun cinn;** |
| **CUSPÓIR 4:** | **Cláir Phoiblí a Choimeád;** |
| **CUSPÓIR 5:** | **Úsáid éifeachtach d'acmhainní daonna, airgeadais, bainistíochta agus teicniúla; agus** |
| **CUSPÓIR 6:** | **A chinntiú go gcuirtear beartais, struchtúir agus nósanna imeachta rialachais cuí i bhfeidhm.** |

# Dul Chun Cinn ar Chuspóir Straitéiseach 1

## Córas cuimsitheach ceadúnaithe a choimeád le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine

### Ceadúnú

Foráiltear leis an Acht nach mór d'aon duine a sholáthraíonn seirbhísí maoine in Éirinn ceadúnas a bheith acu ón Údarás agus áirítear an méid seo a leanas sa sainmhíniú maidir le seirbhísí dá leithéid:

- ***Maoin seachas Talamh a chur ar Ceant (Ceadúnas de Chineál A)***
- ***Ceannach/Díol Talún – de réir cibé bealach (Ceadúnas de Chineál B)***
- ***Ligean Talún (Ceadúnas de Chineál C), agus***
- ***Soláthar Seirbhísí Bainistíochta Maoine (Ceadúnas de Chineál D)***


Eisíonn an tÚdarás ceithre chineál ceadúnas a fhreagraíonn leis na cheithre chineál seirbhísí maoine a shainmhínítear san Acht. Féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh ar cheadúnas amháin nó níos mó gan aon chostas breise. Ní mór ceadúnais a athnuachan ar bhonn bliantúil.

Chuir an tÚdarás tús le seirbhísí maoine a cheadúnú sa bhliain 2012 agus leantar, ag deireadh na bliana 2017, le sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas ionas go bhfeidhmeoidh sé ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. In 2017 próiseáladh 5,855 iarratas san iomlán ar cheadúnais (nua agus athnuachan). Díobh seo, deonaíodh ceadúnais i 5,573 cás faoi dheireadh na bliana agus dhiúltaíodh 104 iarratas agus rinneadh athbhreithniú ar 178 iarratas. Tá sé seo i gcomparáid le 5,668 iarratas ar cheadúnais a próiseáladh i 2016, agus astu sin deonaíodh ceadúnas i 5,367 cás faoi dheireadh na bliana agus dhiúltaíodh 107 iarratas agus rinneadh athbhreithniú ar 194 iarratas.

### Ceadúnais Nua

Bhí tionchar mór ag an gcúlú geilleagrach ar an earnáil seirbhísí maoine Mar sin féin, go háirithe mar gheall ar an gcor chun feabhais sa gheilleagar, tá an tÚdarás ag eisiúint ceadúnas nua dóibh siúd ar mian leo oibriú in earnáil na seirbhísí maoine anois. I gCairt 1 taispeántar gur eisigh an tÚdarás 466 ceadúnas nua i 2017 i gcomparáid le 470 in 2016 agus 485 i 2015. Is ábhar dóchais don Údarás é seo toisc go léiríonn sé tuiscint na hearnála maidir leis an riachtanas ceadúnas a bheith ag duine i gcomhar seirbhís mhaoine a sholáthar.

**Cairt 1 Ceadúnais Nua a Eisíodh**



## Athnuachan Ceadúnais

Sa Tuarascáil Bhliantúil 2016 leagadh amach an cur i bhfeidhm agus na buntáistí a bhaineann leis an gcóras ceadúnaithe agus íocaíochta ar líne a sholáthraíonn An Post ar son an PSRA ar Licences.ie.

Chuir an tÚdarás, i gcomhar leis An Post (Licences.ie) agus Rannóg TF na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Céim 2 den tionscadal i bhfeidhm, rud a thug cead do Licences.ie doiciméadú, a cuireadh isteach leis an Athnuachan Ceadúnais (Tuairisc na gCuntasóirí, Árachas PI, Deimhniú Corpraithe srl) a aistriú gan stró chuig bunachar sonraí inmheánach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Leis an bpróiseas seo cuireadh feabhas ar an éifeachtúlacht de phróiseáil an Údaráis maidir le hiarratais athnuachana.

Tugadh isteach arís an deasc chabhrach um athnuachan ceadúnais a bunaíodh i 2016 i rith an earraigh / samhraidh 2017 agus cuireadh ar fáil chun cuidiú le ceadúnaithe a gcuid iarratais athnuachana a dhéanamh.


Ina theannta sin, chuir an tÚdarás áis ar fáil chun cúnamh praiticiúil a sholáthar maidir le hiarratais a uaslódáil le haghaidh ceadúnaithe a raibh fadhbanna leathanbhanda acu.

Faoi dheireadh mí Iúil 2017, eisíodh thart ar 98.2% de na hathnuachaintí ceadúnais a cuireadh isteach i mBealtaine 2017 agus tá sé seo i gcomparáid le 85.4% faoi dheireadh mí Lúnasa 2016.

Sa bhliain 2017, chonacthas an líon ba mhó d’athnuachaintí ceadúnais próiseáilte ó cuireadh tús leis an gceadúnú ag an Údarás in 2012. San iomlán, próiseáladh 5,219 iarratas ar athnuachan ceadúnais in 2017, rud a léiríonn méadú de 2.75% ar na hathnuachan a phróiseáil an tÚdarás i 2016.

Mar aon le líon iomlán na gceadúnas nua a eisíodh, líon na bhfógraí athnuachana agus líon na gceadúnas le hathnuachan a bhfuiltear ag feitheamh ar tuilleadh faisnéise ina leith, leagtar amach i gCairt 2 go raibh 5,805 ceadúnas san iomlán gníomhach ag deireadh 2017 i gcomparáid le 5,736 ceadúnas i 2016, rud a léiríonn méadú foriomlán de 1.2% i ngach cineál ceadúnais.

**Cairt 2** **Staid na gCeadúnas amhail 31 Nollaig, 2017**





** Nóta: - sa tuarascáil 2017, leasaíodh na figiúirí “Athnuachan Ag Feitheamh ar Tuilleadh Faisnéise” le haghaidh 2015 agus 2016 de bharr go meastar nach bhfuil ceadúnas bailí a thuilleadh ag ceadúnaithe atá “i mBun Aistrithe”. Is iad na daoine sin nach bhfuil fostaithe a thuilleadh ag soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe iad na ceadúnaithe atá “i mBun Aistrithe”. Mar sin féin, tá sé de rogha acu a gceadúnas a fháil ar ais má bhíonn siad fostaithe ag soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe roimh an dáta éaga dá gceadúnas.*

## Neamh-Athnuachaintí

Tá an leibhéal athnuachana de ceadúnais leagtha amach i gCairt 3 le haghaidh na mblianta 2015, 2016 agus 2017. In 2017 ní dhearna 379 (6.7%) de na ceadúnaithe a gceadúnas a athnuachan. Tá sé seo i gcomparáid le neamh-athnuachan de cheadúnais sa bhliain 2016 de 439 (7.75%) de cheadúnaithe agus 331 (6.7%) de cheadúnaithe sa bhliain 2015. Is cúis amháin leis seo ná na ceadúnaithe atá ag éirí as an earnáil. Luann ceadúnaithe go bhfuil neamh-athnuachan na gceadúnas mar gheall ar easpa téarnaimh san earnáil.

Tugann an tÚdarás gach deis do cheadúnaí na ceanglais a leagtar amach san Acht a chomhlíonadh ionas go bhféadfaí sé ceadúnas a fháil. Mar sin féin, i gcásanna nach gcomhlíontar na ceanglais cheadúnaithe, diúltaíodh iarratais ar cheadúnais agus bhí sé seo mar chúis le méadú beag ar líon na ndiúltaithe a eisíodh maidir le hathnuachan in 2017. Dhiúltaigh an tÚdarás 46 Iarratais ar Athnuachan, i gcomparáid le 34 a diúltaíodh i 2016.

**Cairt 3** **Comparáid idir na ceadúnais a diúltaíodh nó nach ndearna a athnuachan**



## Diúltú d'Iarratas ar Cheadúnas Nua

Leanann an tÚdarás ar aghaidh le hiarratais ar cheadúnais nua a dhiúltú. I measc na gcúiseanna le hiarratas ceadúnais don chéad uair a dhiúltú, níl an caighdeán cáilíochta oideachais á gcomhlíonadh, nó bíonn tuairisciú na gcuntasóirí neamhiomlán, nó níl aon deimhniú ann maidir le himréiteach cánach nó níor cuireadh ar fáil an fhaisnéis bhreise a bhí ag teastáil ón Údarás. I ngach cás tacaíonn an tÚdarás le hiarratasóirí nua agus déanann sé breithniú iomlán ar an bhfaisnéis agus na doiciméid go léir a chuirtear isteach chun tacú lena n-iarratas ar cheadúnas sula ndéantar cinneadh deiridh ar gach iarratas.

In 2017 diúltaíodh 87 iarratas ar cheadúnais nua. Tá sé seo i gcomparáid le 110 iarratas ar cheadúnais nua a dhiúltaítear sna blianta 2016 agus 2015 araon. Leis an méadú suntasach ar chaighdeán na n-iarratas nua ceadúnais a fuarthas, tugtar le fios go bhfuil na hiarrthóirí ionchasacha níos mó ar an eolas anois maidir le riachtanais agus caighdeáin an Údaráis i gcomhar ceadúnais a fháil.


## Achomhairc maidir le hIarratas ar Cheadúnas Nua

Rinneadh achomharc ceadúnais amháin i 2017 i gcomparáid le 21 achomharc ceadúnais a rinneadh chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (PSAB) i 2016 maidir le cinntí an Údaráis iarratas ar cheadúnas a dhiúltú. Sa chás amháin seo, níor sheas an Bord Achomhairc le cinneadh an Údaráis.

## Dáileadh Ceadúnais Ghnó de réir Catagóire

In anailís ar dháileadh na 5,805 ceadúnas a eisíodh i rith 2017 idir fostóirí agus fostaithe, léirítear gur bhain 3,932 (67.8%) de na ceadúnais eisithe in 2017 le fostaithe. I gCairt 4 taispeántar gur leithdháileadh 1,873 ceadúnas iomlán ar fhostóirí, lenar cuimsíodh cuideachtaí, comhpháirtíochtaí, trádálaithe aonair agus conraitheoirí neamhspleácha. Laistigh den ghrúpa seo, is ag cuideachtaí atá an líon is mó de cheadúnais fostóra, ag thart ar 54.9%, agus ina dhiaidh sin tá na conraitheoirí neamhspleácha, ag 25.9% de na ceadúnais ar eisíodh ar fhostóirí. Is mar seo a leanas an miondealú comhréireach maidir le ceadúnais a eisíodh idir fhostóirí agus fostaithe i 2017; 32.2% fostóirí agus 67.8% fostaithe. Sa bhliain 2016 ba é 32.2% Fostóirí agus 67.8% Fostaithe an miondealú freisin.

**Cairt 4** **Ceadúnais Ghnó de réir Catagóir le haghaidh 2017**




## Cineál Ceadúnais

I 2017, dheonaigh an tÚdarás 5,805 ceadúnas san iomlán i gcomparáid le 5,736 i 2016. I gCairt 5 léirítear líon na gceadúnas a d'eisigh an tÚdarás i 2017, arna gcatagóiriú de réir cineál ceadúnais. I measc na gcatagóirí ceadúnais tá ceadúnais aonchineálach agus meascán de roinnt cineálacha ceadúnais nó gach cineál ceadúnais. Ar an gCairt seo, taispeántar an méadú suntasach atá tagtha ar líon na gceadúnaithe a bhfuil meascán de chineál ceadúnas acu maidir le cineálacha ABCD, BCD agus ceadúnas de chineál BC amháin.

Taispeántar freisin an laghdú atá tagtha ar líon na gceadúnaithe a bhfuil ceadúnas acu i leith Catagóire D amháin agus i leith Catagóire A amháin. I 2017 bhí 214 ceadúnaí a raibh ceadúnas acu i leith Catagóire A amháin. Tá sé seo i gcomparáid le 220 in 2016. I 2017 bhí 421 ceadúnaí a raibh ceadúnas acu i leith Catagóire D amháin. Tá sé seo i gcomparáid le 446 in 2016.

**Cairt 5 Dáileadh de réir an chineál ceadúnais a eisíodh idir 2015 - 2017**




Ar an iomlán, tháinig feabhas suntasach le linn 2017 ar fhreagra na gceadúnaithe maidir leis na ceanglais atá riachtanach chun ceadúnas a fháil. In ainneoin an fheabhais sin, is ábhar imní é fós nach bhfuil tuiscint iomlán ag go leor laistigh den tionscal ar na himpleachtaí a bhíonn i gceist má theipeann orthu cloí go hiomlán lena n-oibleagáidí faoin Acht. Chuige seo, reáchtáil an tÚdarás feachtais sna meáin chun aird a tharraingt ar an gceanglas atá ar dhaoine a chuireann seirbhísí maoine ar fáil ceadúnas a bheith acu agus tá an tÚdarás gníomhach maidir le dul sa tóir ar oibreoirí nach bhfuil ceadúnas acu.

Ó bunaíodh é agus go háirithe i rith 2017, bhain an Príomhfheidhmeannach leas as deiseanna chun aghaidh a thabhairt ar an tionscal a chuireann teachtaireacht ag eisiúint ceadúnas, seolann sé litir chlúdaigh a mheabhraíonn do na ceadúnaithe faoina gcuid dualgais reachtúla agus na himpleachtaí a bhíonn i gceist má theipeann orthu cloí go hiomlán le hoibleagáidí dá leithéid. Chomh maith leis sin, seolann an tÚdarás nuachtlitreacha chuig gach ceadúnaí trí ríomhphost chun iad a choinneáil ar an eolas faoi na riachtanais ceadúnaithe. comhlíonta leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 chun cinn. Leis na himeachtaí seo ligeadh don Údarás treoir agus cúnamh a sholáthar maidir le hábhair a chuireann ceadúnaithe i láthair. Mar sin féin, tuigtear nach bhfuil na ceadúnaithe go léir ina mbaill de chomhlacht gairmiúil, agus mar sin de, nuair a bhíonn an tÚdarás ag eisiúint ceadúnas, seolann sé litir chlúdaigh a mheabhraíonn do na ceadúnaithe faoina gcuid dualgais reachtúla agus na himpleachtaí a bhíonn i gceist má theipeann orthu cloí go hiomlán le hoibleagáidí dá leithéid. Chomh maith leis sin, seolann an tÚdarás nuachtlitreacha chuig gach ceadúnaí trí ríomhphost chun iad a choinneáil ar an eolas faoi na riachtanais ceadúnaithe.

# Dul Chun Cinn ar Chuspóir Straitéiseach 2

## Córas imscrúdaithe agus breithiúnais de chaighdeáin i seachadadh seirbhísí maoine a choimeád

### 2.1 Imscrúduithe

Is gné lárnach de chumhachtaí rialála an Údaráis é imscrúdú a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí maoine. Tá trí chineál imscrúdaithe ann ar féidir leis an Údarás tabhairt fúthu, is é sin:

- imscrúdú a dhéanamh ar sheirbhísí maoine atá á gcur ar fáil go mídhleathach ag soláthraithe seirbhísí nach bhfuil ceadúnas acu,
- iniúchadh a dhéanamh ar na caighdeáin maidir le soláthar seirbhísí maoine agus ar chomhlíonadh reachtúil ag soláthraithe seirbhísí ceadúnaithe,
- imscrúdú a dhéanamh agus breithiúnas a thabhairt ar ghearáin atá déanta in gcoinne soláthraithe seirbhíse maoine a bhfuil ceadúnas acu.

Is cion é de réir Ailt 28 den Acht, seirbhísí maoine a sholáthar, a fhógairt nó a thairiscint gan an ceadúnas cuí a bheith ag an duine. Tá an t- imscrúdú ar dhaoine a chuireann seirbhísí maoine ar fáil gan an ceadúnas cuí a bheith acu teoranta d'fháil amach an bhfuil an duine atá i gceist ag cur seirbhíse maoine ar fáil mar a shainmhínítear san Acht agus an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís sin á cur ar fáil ar mhaithe le comaoin (íocaíocht). Uair agus a dheimhnítear an dá fhíric seo is ábhar don Údarás ionchúiseamh a thabhairt os comhair na gcúirteanna maidir le sárú d'Alt 28 den Acht.

Is as stuaim an Údaráis féin a dhéantar iniúchadh ar chaighdeáin maidir le soláthar seirbhísí maoine agus ar chomhlíonadh reachtúil ag soláthraithe seirbhíse a bhfuil ceadúnas acu. Tá scrúdú i gceist leo seo maidir le cibé a raibh nó nach raibh ceadúnú rannpháirteach in "iompar míchuí" nó cibé ar sháraigh nó nár sháraigh an ceadúnaí an tAcht.

Baineann an tríú cineál imscrúdaithe le "hiompar míchuí" amháin a eascraíonn mar gheall ar ghearáin a rinneadh i gcoinne soláthraí seirbhísí maoine. Leagtar amach an bunchreat dlíthiúil agus na nósanna imeachta do na cineálacha seo imscrúdaithe i gCuid 7 den Acht.

Go hachomair, clúdaíonn siad seo:

- na himthosca agus an modh ina bhféadfaidh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh ar "iompar míchuí", mar a shainmhínítear, ag Soláthraí Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe;
- na cumhachtaí atá ag cigirí chun dul isteach agus imscrúdú a dhéanamh, cigirí ar cheap an tÚdarás chun tabhairt faoi imscrúduithe agus dualgais na gCigirí sin;
- na dualgais atá ar an Údarás tar éis don imscrúdú a thabhairt chun críche; agus
- na hábhair a bheidh le breithniú ag an Údarás nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh de bhun tuairisce an Chigire agus nuair a bheidh smachtbhannaí á fhorchur.

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach féidir leis an Údarás tabhairt faoi imscrúdú ach amháin i ndáil le "hiompar míchuí" a líomhnaítear i gcoinne soláthraí seirbhíse maoine, a shainmhínítear san Acht, mar seo a leanas:

"(a) gníomh a dhéanann soláthraí seirbhíse, a fhágann nach duine inniúil cuí an soláthraí seirbhíse sin a thuilleadh chun seirbhísí maoine a sholáthar,

(b) sárú ar na hailt seo a leanas den Acht, a dhéanann soláthraí seirbhíse -
Alt 28(1), 29(9), 31(5), 37(1), (2), (4), (5), (6) nó (7), 41(1), 43(1), (2) nó (3), 44, (2), 56(1), 57(1), 58(3), 59(1), 60(1), 61, nó 81(1) nó (2)

nó

(c) sárú ag soláthraí seirbhíse ar fhoráil de rialacháin arna ndéanamh faoi alt 46, 62 nó 95 den Acht,

(d) ráiteas a thugann soláthraí seirbhíse ar luach an mhargaidh comhairlithe nó luach comhairlithe de ligean talún arb léir go míréasúnach é."

## *Gearáin*

Le linn 2017, fuair an tÚdarás 329 gearán, méadú de 15% ar na 285 gearán a fuarthas i 2016. Áirítear san fhigiúr seo tuairiscí ar sholáthar neamhcheadúnaithe de sheirbhísí maoine. Leagtar amach i gCairt 6 na gearáin go léir a fuarthas ó mhí Iúil 2012 go 31 Nollaig 2017 (taispeántar figiúirí comhionanna don 31 Nollaig 2016 chun críocha léiriúcháin):

**Cairt 6** **Staid na nGearán a fuarthas suas go dtí an 31 Nollaig**

| Stádas Gearáin | 31 Nollaig 2016 | 31 Nollaig 2017 |
|---|---|---|
| Céim Thosaigh na Measúnaithe | 148 | 133 |
| Céim Chigireachta | 186 | 163 |
| Curtha i gCrích - Diúltaithe/Níor Glacadh leis/Baoth/Cráiteach agus Lasmuigh de na Téarmaí Tagartha | 862 | 1205 |
| Socraithe/Comhaontaithe Idir Páirtithe | 14 | 17 |
| Tarraingthe siar ag an nGearánaí | 53 | 75 |
| Achomhairc ar Feitheamh | 5 | 6 |
| Tarraingíodh siar an Achomharc | 13 | 3 |

In ainneoin na dúshlán atá ann faoi láthair maidir leis na hacmhainní atá ar fáil, taispeántar i gCairt 6 go ndearnadh roinnt dul chun cinn maidir le laghdú a chur ar an riaráiste de chásanna gearáin, go príomha trí dhéileáil le líon mór gearán a tugadh chun críche gan an gá le himscrúdú a dhéanamh.

Ag deireadh 2017, tugadh i gcrích go hiomlán 1,205 nó 76% de na gearáin a fuarthas go dtí seo gan an gá le cigire a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh. Tá sé seo i gcomparáid le 862 nó 67% de chásanna in 2016. I ngach cás dá leithéid, mhínigh an tÚdarás na cúiseanna maidir le cén fáth nach bhféadfaí dul i mbun imscrúdaithe. Ba é an chúis is coitianta i measc na gcúiseanna nárbh fhéidir tabhairt faoi imscrúdú, ná go príomha, nár tháinig ábhar an ghearáin laistigh den sainmhíniú ar "iompar míchuí" mar a shonraítear san Acht. Féadfar achomharc a dhéanamh ar chinneadh an Údaráis gan imscrúdú a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine.

Ag deireadh na bliana, bhí 133 nó 8% de na gearáin a fuarthas ag feitheamh ar mheasúnú tosaigh chun cinneadh a dhéanamh ar chóir iad a dhiúltú nó a imscrúdú (glanmhéid ar na 329 gearán a fuarthas le linn na bliana 2017). B'ionann figiúirí comhionanna ag deireadh na bliana 2016 agus 148 nó 12% de na cásanna go léir. I roinnt cásanna, i gceist sa mheasúnú tosaigh, iarrtar ar shoiléiriú ón gceadúnaí nó ón ngearánach sula ndéantar cinneadh maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil gá le himscrúdú. Glacann an tÚdarás an deis freisin ag an bpointe seo chun meabhrú don dá pháirtí go bhféadfadh an teacht ar shocrú neamhfhoirmiúil mar a shamhlaítear in alt 63 (2) (c) den Acht.

Measadh go raibh gá le himscrúduithe i 163 cás, agus bhí siad ar bun tar éis Cigire a cheapadh nó bhí siad ag fanacht ar cheapachán de Chigire ag deireadh na bliana. Rinneadh roinnt dul chun cinn sa réimse seo freisin mar gheall go raibh acmhainní foirne inmheánacha ar fáil de bharr clár athnuachana ceadúnais ar líne a thabhairt isteach. Ina theannta sin, lean an tÚdarás ar aghaidh le roinnt dá obair imscrúdaithe seo a sheachfhoinsiú sa dara leath de 2017. Tar éis próisis thairisceana iomaíoch, d'fhostaigh an tÚdarás seirbhísí de chuideachta a fhostaíonn taithí Imscrúdaitheoirí a bhfuil taithí fairsing acu ar go leor imscrúduithe éagsúla a dhéanamh le haghaidh gníomhaireachtaí Stáit éagsúla.

Faoi dheireadh na bliana 2017, bhí laghdú suntasach tagtha ar an t-ualach de chásanna oscailte go suntasach i dtéarmaí uimhriúla agus céatadáin araon. Bhí 296 cás oscailte ann faoi dheireadh 2017, nó 19% den iomlán a fuarthas. Tá sé seo i gcomparáid leis an staid amhail 31 Nollaig 2016 nuair a bhí 334, nó 26% de na 1,278 cás a fuarthas ag an bpointe sin, oscailte.

### Cairt 7 Cúiseanna leis na Gearáin a fuarthas suas go dtí an 31 Nollaig, 2017

| Catagóir | Líon na nGearán | % den iomlán |
|---|---|---|
| Soláthar Seirbhíse (Gearánaí míshásta leis an tseirbhís a sholáthraítear) | 609 | 27% |
| Oibríocht gan ceadúnas (Déantar tuairisc ar thrádáil gan ceadúnas, nó déantar gearán i gcoinne gnó nach bhfuil ceadúnas aige) | 403 | 18% |
| Choinnigh an Soláthraí Seirbhísí Maoine Airgead | 365 | 16% |
| Táillí nó Eisíocaíochtaí (Gearánaí míshásta le méid na dtáillí atá á ngearradh/nó le méid na gcaiteachas/n-eisíocaíochtaí atá á dtabhú) | 229 | 10% |
| Iompar Eiticiúil (Measann an gearánaí nach raibh iompar Sholáthraí Seirbhísí Maoine eiticiúil) | 183 | 8% |
| Litir Rannpháirtíochta (Bhí an Litir Rannpháirtíochta as láthair nó bhí sí easnamhach ar bhealach éigin) | 153 | 7% |
| Cuntas Cliaint (Líomhaint mhíchuibhis maidir le feidhmiú an Chuntais Chliaint) | 85 | 4% |
| Dualgas do Chustaiméir (Measann duine seachas cliant a íocann táille gur theip ar an gceadúnaí maidir lena dhualgas) | 75 | 3% |
| Dualgas do Chliant (Measann an cliant a íocann táille gur theip ar an gceadúnaí maidir lena dhualgas) | 72 | 3% |

Bhí réimse leathan saincheisteanna i gceist leis na gearáin. I gCairt 7, taispeántar na deich gcatagóir is coitianta ina bhféadfaí gearáin a chur isteach, bunaithe ar nádúr an ghearáin. Agus léirmhíniú á thabhairt ar uimhreacha agus ar chéatadáin sa chairt, tá sé tábhachtach meabhrú go bhféadfadh gearán a bheith ilghnéitheach agus, dá bhrí sin, féadfaidh sé teacht faoi níos mó ná catagóir amháin. Mar sin féin, is táscaire mhaith í an chairt ar nádúr na ngearán agus na dtuairiscí, a chaithfidh an tÚdarás measúnú agus imscrúdú a dhéanamh air. Féadtar léirmhíniú saor a ghlacadh maidir leis an iompar nó an neamhghníomh a ndearnadh gearán fúthu i roinnt de na catagóirí, mar shampla, Soláthar Seirbhíse, Iompar Eiticiúil agus Dualgas do Chustaiméirí ar Chliaint. D'fhéadfadh sé go bhfuil an gearánaí míshásta i ndáiríre nó go bhfuil siad den tuairim gur caitheadh go dona leo agus iad ag déileáil leis an soláthróir seirbhíse, ach d'fhéadfadh sé nach dtiocfadh sé seo faoi shainmhíniú an Achta ar "iompar míchuí" in alt 2 den Acht Míníonn an difríocht seo idir an dearcadh atá ar éagóir agus cad atá i gceist le hiompar míchuí an líon gearán sách ard a dhiúltaigh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh orthu mar a thaispeántar níos luaithe i gCairt 6. Ní mór cuimhneamh freisin gur líomhaintí atá déanta ag an ngearánach iad seo agus ní féidir a rá go ndearnadh aon iompar míchuí go dtí go bhfuil imscrúdú curtha i gcrích agus gur aimsíodh go ndearnadh iompar míchuí.

## *Achomhairc Ghearáin*

San Acht foráiltear do phróiseas achomhairc neamhspleách, faoina bhféadfaidh an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (PSAB) éisteacht le hachomhairc agus cinneadh a dhéanamh maidir leo i gcoinne na gcinntí seo a leanas a rinne an tÚdarás.

(a) Diúltú ceadúnas a eisiúint ar fhorais nach duine cuí ceart an duine chun an tseirbhís maoine a sholáthar nó nach gcomhlíonann an duine le ceanglais áirithe den Acht nó de na Rialacháin a rinneadh faoin Acht;
(b) Diúltú imscrúdú a dhéanamh ar ghearán faoi alt 63 (2);
(c) Mion-smachtbhanna a fhorchur faoi alt 68 (4) (a);
(d) Gearán a dhíbhe faoi alt 68(4)(c); agus
(e) Diúltú deontas a bhronnadh, nó a bhaineann leis an méid deontais a bhronnadh, as an gCiste Cúitimh.

Féadfaidh duine ar bith, lena n-áirítear duine dleathach nó cuideachta, a bhfuil éagóir déanta ag cinneadh de chuid an Údaráis orthu, achomharc a dhéanamh laistigh de 30 lá tar éis cinneadh an Údaráis a fháil chuig an PSAB. Ní mór achomharc a dhéanamh i scríbhinn, é a sheoladh chuig Ard-Rúnaí an Bhoird Achomhairc, agus ní mór dó forais an achomhairc a leagan amach chomh maith leis na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí a bhfuil siad bunaithe air. Bíonn an tÚdarás ina pháirtí i ngach achomharc. Faoi láthair níl aon táille fhorordaithe le híoc ag achomharcóir.

Ar fhógra achomhairc a fháil, ní mór don Údarás laistigh de 14 lá, cóipeanna de na doiciméid go léir nó an fhaisnéis a bhaineann leis an gcinneadh, ábhar an achomhairc, a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc. Féadfaidh an tÚdarás, dá rogha féin, aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord Achomhairc laistigh de 30 lá. I gcás go bhfuil an Bord Achomhairc den tuairim go bhfuil gá le faisnéis bhreise ionas go bhféadfaidh sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an achomharc, féadfaidh sé fógra a sheirbheáil ar aon pháirtí lena n-éilítear ar an bpáirtí sin faisnéis shonraithe a chur isteach.

Féadfaidh an Bord Achomhairc (a) an cinneadh, ábhar an achomhairc a dhaingniú, (b) an t-ábhar a chur faoi bhráid an Údaráis le haghaidh athbhreithnithe agus cinneadh nua a dhéanamh, nó (c) an cinneadh a bhfuil mar an t-ábhar achomhairc a chealú agus a chinneadh féin a chur ina ionad.

Ní mór don Bhord Achomhairc aon achomharc a dhíbhe má tá sé den thuairim gur baoth nó cráiteach é nó go bhfuil sé gan substaint nó bunús. Féadfaidh aon pháirtí achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt maidir le ceist dlí a eascraíonn as an gcinneadh achomhairc.

## *Achomhairc a Breithníodh agus Torthaí*

I rith 2017 fuair an Bord Achomhairc 18 achomharc ó ghearánaithe:

(i) ar dhiúltaigh an tÚdarás a ngearáin a imscrúdú faoi alt 63(2) den Acht nó
(ii) ar mian leo achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh an Údaráis faoi alt 68 (4) (a) nó (c) den Acht maidir le díbhe nó smachtbhanna nuair a cuireadh an t-imscrúdú chun críche.

Rinne an Bord Achomhairc achomhairc a bhreithniú i 24 cás i rith 2017, lena n-áirítear 13 cás a tugadh ar aghaidh ó 2016. Tharraing siar achomharcóir achomharc amháin sula ndearna an Bord Achomhairc breithniú air

**Cairt 8 Achoimre ar Chinntí an Bhoird Achomhairc i rith 2017**

| Toradh | Líon na nAchomharc | Céatadán den iomlán |
|---|---|---|
| Achomharc nár Ceadaíodh - Seasadh le Cinneadh an Údaráis | 23 | 96% |
| Achomharc a Ceadaíodh - Tarchuireadh chuig an Údaráis i gcomhar Athbhreithnithe a dhéanamh air | 1 | 4% |
| Achomharc a Ceadaíodh - Cuireadh Cinneadh an Údaráis ar Ceal | 0 | 0% |

Rinne an Bord Achomhairc cinneadh i leith 24 cás i rith 2017, is é sin, 13 achomharc a tugadh ar aghaidh ó 2016 agus aon cheann déag as an 18 achomharc a fuarthas i rith 2017, tharraing an t-achomharcóir achomharc amháin siar. I gCairt 8 taispeántar achoimre ar na torthaí sa 24 achomharc ar dhéileáil an Bord Achomhairc leis.

Níor cheadaigh an Bord Achomhairc an t-achomharc i 23 cás (96% de líon iomlán na gcásanna ar thángthas ar cinneadh maidir leo) agus mar sin deimhníodh cinneadh an Údaráis i ngach cás.

I gcás amháin, inar dhiúltaigh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh tar éis breithniú a dhéanamh ar na mionsonraí sa ghearán, nach raibh iompar míchuí i gceist, chuir an Bord Achomhairc na cásanna ar ais chuig an Údarás chun athscrúdú a dhéanamh orthu. Tá tús curtha ag an Údarás ar imscrúdú ar an ngearán seo.

Níor chuir an Bord Achomhairc aon cheann de chinntí an Údaráis i ndáil le cásanna gearáin ar ceal i rith 2017.

## *Trádáil gan Cheadúnais agus Ionchúiseamh*

Tá an tÚdarás lándáiríre faoin gceanglas reachtúil go bhfuil gá le ceadúnas nuair atáthar ag soláthar, ag tairiscint nó ag déanamh fógraíochta maidir le seirbhísí maoine. Baineann cuideachtaí nó daoine aonair a chuireann seirbhísí ar fáil gan cheadúnas, cosaint thábhachtach as an tomhaltóir a fhoráiltear dó faoin Acht ar a gcuid cliant agus cruthaíonn siad iomaíocht atá éagórach dóibh siúd a chuireann seirbhísí ar fáil ar bhealach dlíthiúil. Déanann an tÚdarás imscrúduithe a stiúradh maidir le cuideachtaí nó daoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad i mbun trádála gan cheadúnas, d’fhonn ionchúiseamh a thabhairt faoi alt 28 den Acht. D’fhéadfadh na himscrúduithe teacht chun cinn mar gheall ar thuairiscí ó dhaoine den phobal maidir le trádáil gan cheadúnas, nó ó ghearáin maidir le hiompar míchuí a dhéanann cliaint de sholáthraithe seirbhíse le dea-intinn, nach dtuigeann go bhfuil na cuideachtaí nó an duine aonair a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu ag trádáil gan cheadúnas.

Thóg an tÚdarás ionchúiseamh amháin sa bhliain 2016 a bhain le marglann beostoic a bhí ag feidhmiú gan cheadúnas agus tugadh an cás seo chun críche i rith 2017. Phléadáil an cosantóir ciontach sa chúirt nuair a cuireadh fianaise an Údaráis i láthair. Rinne an mharglann iarrachtaí chun deacrachtaí a shárú le hiarratas ceadúnais roimhe seo agus ar deireadh fuair sí ceadúnas i rith 2017. Chuir an Chúirt cinneadh maidir le ciontú agus pianbhreith fhéideartha ar atráth, ag feitheamh toradh an iarratais ar cheadúnas na marglainne, agus bhí suim mhór ag an gcúirt maidir le dul chun cinn an iarratais ag roinnt suíonna. Nuair a fuarthas an t-eolas gur éirigh leis an marglann ceadúnas a fháil, chinn an chúirt gan ciontú a thaifeadadh.

Ó chuaigh an tÚdarás i mbun feidhme i Mí Iúil 2012 go dtí deireadh na bliana 2017, féadtar a fheiceáil ó Chairt 7 gur tuairiscigh trádáil gan cheadúnas nó go ndearnadh gearán faoi iompar míchuí i gcoinne soláthraithe seirbhíse nach raibh ceadúnas aige i 403 cás ar an iomlán. Osclaíodh 365 comhad san iomlán maidir le cuideachtaí nó maidir le daoine aonair a líomhnaíodh go raibh siad ag trádáil gan cheadúnas, nó inar aimsíodh nach raibh ceadúnas ag an duine nó ag an cuideachta a ndearnadh gearán maidir le hiompar míchuí faoi. Ní thagann líon na gcomhad agus líon na nimscrúduithe le chéile go díreach, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh go leor gearán á ndéanamh faoi oibritheoir aonair, agus ní bheadh ach aon imscrúdú amháin i gceist leis sin; d’fhéadfadh sé freisin go mbeadh níos mó ná ionchúiseamh amháin mar thoradh ar imscrúdú aonair, m.sh. in aghaidh cuideachta agus in aghaidh stiúrthóir (í) na cuideachta: Soláthraítear sonraí i gCairt 9 maidir le stádas an 365 chomhad, mar seo a leanas:

**Cairt 9** **Stádas Gearáin d'Oibritheoirí gan Cheadúnas**

| Líon na gComhad | Stádas |
|---|---|
| 117 | Bhí ceadúnas cheana féin ag an té a ndearnadh tuairisc faoi nó fuair sé ceadúnas sular cuireadh an t-imscrúdú i gcrích. |
| 15 | Ní sheirbhís maoine a bhí i gceist leis an iompar a tuairiscíodh agus ní raibh gá le ceadúnas ar bith. |
| 197 | Cuireadh na comhaid seo i gcrích mar gheall ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear gan aon fhianaise prima facie maidir le trádáil gan cheadúnas, nó ní leor an t-eolas curtha ar fáil chun an té a ndearnadh gearán ina leith a aithint nó a aimsiú, nó ní thacaíonn réamhimscrúduithe leis an tuairisc. |
| 27 | Measúnacht tosaigh ar bun d'fhonn a aimsiú an bhfuil aon fhianaise prima facie ann maidir le trádáil gan cheadúnas nó ag feitheamh ar thoradh an iarratais ar cheadúnas. |
| 4 | Ag feitheamh go gceapfar Cigire le tabhairt faoin imscrúdú. Cé go bhféadfar a bheith ag súil go mbeadh ionchúiseamh ann i go leor de na himscrúduithe seo, i roinnt mhaith cásanna, is dóigh go ndeimhneofar, le toradh an imscrúdaithe, tuairim an Údaráis nach bhfuil aon trádáil gan cheadúnas ar siúl i ndáiríre. |
| 5 | Imscrúdú ar bun nó beagnach i gcrích. |
| 0 | Ionchúiseamh faoi láthair os comhair na gcúirteanna. |


Ní mór do gach soláthraí seirbhíse maoine ceadúnas a bheith aige. Sa chomhthéacs sin, is gnách go scríobhfaidh an tÚdarás chuig cuideachtaí nó chuig daoine aonair a dtugtar tuairisc ina leith go bhfuil siad ag trádáil gan cheadúnas, lena míneofar forálacha an Achta dóibh, is é sin an ceanglas maidir le ceadúnas a bheith acu agus gur cheart éirí as trádáil ar an bpointe boise, má tá siad i ndáiríre ag trádáil gan an ceadúnas riachtanach. Chomh maith leis an treoir fhurasta a eisiúint chun deireadh a chur le trádáil, bíonn feidhm ag na litreacha seo mar chuspóir tábhachtach sa phróiseas ionchúisimh sa tslí nach mbíonn aon amhras ar an gcúirt go raibh an cosantóir ar an eolas go hiomlán go raibh an dlí á bhriseadh acu. Toradh amháin, nach rabhthas ag súil leis áfach, ach ar cuireadh fáilte roimhe mar sin féin, a bhí ag an bhfeachtas gairid maidir le litreacha "éirí as trádáil" a eisiúint ná go ndearna líon suntasach cuideachtaí agus daoine aonair teagmháil leis an Údarás agus fuair siad ceadúnais.

## 2.2 Breithniú ar Chaighdeáin: Cigireachtaí um Chomhlíonadh Iniúchóireachta

Le linn 2017, lean an tÚdarás ar aghaidh le himscrúduithe comhlíonta iniúchóireachta ar ghnólachtaí a raibh ceadúnas acu. Breithníonn an tÚdarás go bhfuil dhá chuspóir ag baint le cigireacht iniúchta; ar an gcéad dul síos, sáruithe an Achta a shainaithint ach níos tábhachtaí fós aithint, cuireann siad bealach ar fáil chun a bheith rannpháirteach le ceadúnaithe agus le treallús a chur faoi sheachadadh de chaighdeán gairmiúil comhsheasmhach de sheirbhísí do na cliaint go léir de sholáthraithe seirbhíse maoine.


In 2017, lean an tÚdarás ar aghaidh ag fostú cigirí ar conradh leis an saineolas a bhí riachtanach chun tabhairt faoi iniúchtaí comhlíontachta thar ceann an Údaráis. Agus sannadh na n-iniúchtaí ar fud na tíre a phleanáil don bhliain 2017, sceidealaigh an tÚdarás na hiniúchtaí ionas go mbeadh Iniúchadh Comhlíonta déanta ar 50% de na ceadúnaithe i ngach contae faoi dheireadh na bliana. I gCairt 10 leagtar amach céatadán na PSPanna a ndearnadh iniúchadh orthu de réir contae.

**Cairt 10** **% d'Iniúchtaí Comhlíonta de réir Contae**




As na hiniúchtaí a sannadh i rith 2017, chuir imscrúdaitheoirí tuarascálacha deiridh i gcrích agus d'eisigh siad iad i 656 cás. Tar éis iniúchta, tugtar dréacht-tuairisc do cheadúnaithe, ina n-aithnítear ábhair imní agus tugtar an deis freagairt ar thorthaí an dréacht-tuairisc. Is deis é seo don cheadúnaí aghaidh a thabhairt ar na torthaí sin agus fianaise a sholáthar i gcás ina dtugtar nó ina dtabharfar aghaidh ar ábhair a shainaithnítear. I gCairt 11 leagtar amach líon na dtuairiscí deiridh a ndearnadh iniúchadh orthu de réir contae.

**Cairt 11** **Tuarascálacha Deiridh a Eisíodh**




### *Sáruithe Coiteanna*

Leis na torthaí iniúchta, cuirtear béim ar roinnt sáruithe coitianta san earnáil mar atá leagtar amach i gCairt 12 thíos. Forchuireadh mion-smachtbhannaí ar cheadúnaithe inar aithníodh sáruithe ar an Acht agus ar na Rialacháin um Airgead Cliaint. Measann an tÚdarás gur tromchúiseach é gach sárú rialála ach mar sin féin, ní raibh na sáruithe a aithníodh le linn an phróisis iniúchta ina sárú millteanach. Is uirlis thábhachtach é an próiseas iniúchta chun oideachas a thabhairt do cheadúnaithe agus iad a chur ar an eolas maidir le dea-chleachtais agus nósanna imeachta um sholáthraithe de sheirbhísí maoine.

Is seo a leanas samplaí de na sáruithe coiteanna a aithníodh:

- Sáruithe ar na Rialacháin um Airgead Cliaint:
    - Íocann an ceadúnaí caiteachas pearsanta agus oifige le hairgead ón gCuntas Cliant
    - Taisceann an ceadúnaí airgead cliaint sa Chuntas Oifige
    - Fágann an ceadúnaí airgead sa Chuntas Cliant, ach ní hairgead an chliaint é
    - Ní choimeádann an ceadúnaí na taifid chuntasaíochta chearta
- Alt 29: Clár na gCeadúnaithe:
    - Níor chuir an Ceadúnaí in iúl don Údarás gur tháinig athrú ar an bhFoireann a bhí fostaithe mar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (baill foirne atá imithe nó baill foirne nua atá fostaithe)Alt 37(5): Ní thaispeánann an ceadúnaí a uimhir cheadúnais
- Alt 37(5): Ní thaispeánann an ceadúnaí a uimhir cheadúnais
    - Ar fhógraíocht
    - Ar chomhfhreagras gnó a bhaineann le soláthar Seirbhísí Maoine
    - Ar chomharthaí taispeána
- Section 43: Letters of Engagement (LoE)
    - Ní úsáideann an ceadúnaí LoEanna
    - Níor shínigh an ceadúnaí nó an cliant na LoEanna nó níor shínigh siad iad
    - Leanann an ceadúnaí le seirbhísí maoine a sholáthar i gcás gur theip ar an gcliant an LoE a shíniú laistigh de 7 lá
    - Níl na LoEanna comhlánaithe go hiomlán
- Alt 61: Taifid Tairisceana
    - Ní choimeádann an ceadúnaí taifid tairisceana maidir le díolacháin ar feadh 6 bliana

**Cairt 12 Sáruithe Coiteanna**



## Torthaí Iniúchta

Is modh é an próiseas iniúchta dul i dteagmháil le ceadúnaithe maidir le gach gné de reachtaíocht agus rialacháin an Údaráis, lena n-áirítear bainistíocht ar airgead cliaint. Measann an tÚdarás gur tromchúiseach é sárú ar na rialacháin um Airgead Cliaint, ach mar sin féin, ní raibh na sáruithe a aithníodh le linn an phróisis iniúchta ina sarú millteanach agus tar éis breithniú a dhéanamh ar gach sárú, fhorchuir siad smachtbhanna beag agus d'eisigh siad rabhaidh ar cheadúnaithe i leith na sáruithe sin.


Tá torthaí iomlána den 656 iniúchadh a cuireadh i gcrích liostaithe thíos: -

| | |
|---|---|
| 452 | Comhlíonadh leis an Acht - 69% |
| 187 | Smachtbhanna beag a forchuireadh - 29% |
| 17 | Sealbhóir de cheadúnas PSRA ach nach raibh seirbhísí maoine á soláthar acu nuair a rinneadh an tIniúchadh Comhlíonta - 2% |

Aithníonn an tÚdarás an leibhéal suntasach (69%) de na ceadúnaithe a chomhlíon na codanna iniúchta den Acht. Forchuireadh mion-smachtbhannaí i 29% de na hiniúchtaí a rinneadh agus forchuireadh smachtbhannaí riaracháin um chomhairle agus rabhadh. I gCairt 13 leagtar amach céatadán na mion-smachtbhannaí a forchuireadh ar cheadúnaithe.

Níor forchuireadh aon smachtbhanna mór i leith codanna iniúchta den Acht.

**Cairt 13 Miondealú % ar Mhion-Smachtbhannaí a Forchuireadh**




### *Achomhairc i gcoinne smachtbhannaí a fhorchuireadh*

I rith 2017 fuair an Bord Achomhairc 5 achomharc ó ghearánaithe:

- Tá achomharc amháin ar siúl
- Díbheadh achomharc amháin agus seasadh le cinneadh an Údaráis
- Tarraingíodh siar 3 achomharc

## 2.3 Údarás Inniúil maidir le Sciúradh Airgid

D'fhorordaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tÚdarás Rialála Seirbhísí Airgid (PSRA) mar údarás inniúil Stáit maidir le soláthraithe seirbhíse maoine chun críocha Cuid 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010.

Toisc gurb é an t-údarás inniúil, tá sé de dhualgas ar an PSRA monatóireacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse maoine a bhfuil cur síos déanta orthu mar 'dhaoine ainmnithe" faoin Acht agus na bearta is gá do réir réasúin a ghlacadh chun críocha comhlíonadh na soláthraithe seirbhíse maoine a bhaint amach de réir cheanglais Cuid 4 den Acht. Mar sin, déanann an tÚdarás iniúchadh ar Sholáthraithe Seirbhíse Maoine ó thaobh comhlíonadh leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010. Faoi dheireadh na bliana, bhí thart ar 1,050 iniúchadh AML sannta agus bhí siad ag céimeanna éagsúla.

# Dul Chun Cinn ar Chuspóir Straitéiseach 3

## Feasacht an phobail ar an Údarás a chur chun cinn

Baineann an tÚdarás leas as gach deis feasacht phoiblí a chur chun cinn maidir le ról agus feidhm an PSRA.

### Feachtas sna Meáin

Sa bhliain 2017, d'úsáid an tÚdarás fógraíocht ar an raidió ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla araon chun an tÚdarás a chur chun cinn agus le heolas a chur ar fáil don phobal maidir le ról agus feidhm an PSRA.

D'eagraigh an tÚdarás dhá fheachtas eolais sna meáin ar raidió náisiúnta agus ar raidió áitiúil le linn míonna an Aibreáin agus na Samhna, san áireamh sna téamaí ar tugadh aghaidh orthu bhí; ceanglais a bhaineann le léasa tráchtála agus eolas a thabhairt don phobal maidir leis na hiarmhairtí de sholáthraí seirbhíse maoine nach bhfuil ceadúnas aige a úsáid go ginearálta agus go sonrach san earnáil ligin. I mí Lúnasa 2017 bhí an margadh ligin agus úsáid de ghníomhaire ligin nó de ghníomhaire eastáit ceadúnaithe an réimse ar díríodh air agus mic léinn an choláiste agus na hollscoile i gcuimhne go háirithe. Fuaireamar aiseolas dearfach chomh maith le fiosrúcháin maidir le gníomhairí ligin a bhfuil ceadúnas acu.

Ag deireadh na bliana 2017 cuireadh tús le feachtas raidió sonrach leis an aidhm de cheanglais Chlár Léasa Tráchtála an Údaráis a phoibliú agus a spreagadh. Mar thoradh ar an bhfeachtas (i dteannta le feachtas litir bhainistithe PSRA) tháinig méadú suntasach ar aighneachtaí a cuireadh ar líne chuig an gClár Léasa Tráchtála. Tá feachtais fógraíochta raidió agus priontála leantacha beartaithe do 2018. I mí na Nollag 2017 d'oibrigh an PSRA le nuachtán náisiúnta maidir leis an gClár Léasa Tráchtála, rud a bhí mar chúis le poiblíocht shuntasach don Chlár i bhForlíonadh Feirmeoireachta an nuachtáin.

### Nuachtlitir

D'eisigh an tÚdarás cúig nuachtlitir ar na ceadúnaithe go léir le linn na bliana 2017. Clúdaíodh raon leathan téamaí ábhartha sna nuachtlitreacha, lena n-áirítear, an córas iarratais ar athnuachan ceadúnais agus íocaíochta ar líne, forbairt ghairmiúil leanúnach, ceanglais don chlár léasa tráchtála, imscrúduithe, seimineáir agus imeachtaí.

Tá fáilte mhór curtha ag lucht na hearnála roimh an nuachtlitir do cheadúnaithe agus aithníonn an tÚdarás go rath iontach é seo mar chuid dá straitéis cumarsáide.

### Seimineáir

Reáchtáil an tÚdarás naoi seimineár déag ar fud na tíre ag seacht láthair (Corcaigh Maigh Eo, Luimneach, Port Láirge, an Iarmhí, Baile Átha Cliath agus an Mhí) mar chuid dá straitéis chumarsáide chun ceadúnaithe a choinneáil ar an eolas faoi thionscnaimh agus tionscadail an PSRA. Ar an iomlán, d'fhreastail thart ar 1,000 ceadúnaí ar na himeachtaí. I measc na n-ábhar a dhírigh an tÚdarás air le linn na seimineár seo, bhí ceadúnú, imscrúduithe comhlíonta, gearáin, frithsciúradh airgid agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Thug na seimineáir deis do cheadúnaithe aon cheist nó aon fhiosrúchán a chuir duine ar dhuine ar bhaill foirne an PSRA a bhí i láthair.

### Imeachtaí Poiblí

Mar chuid den Straitéis Cumarsáide, bhí seastán ag an Údarás chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal ag an Ideal Home Show in Aibreán 2017. Bhí an seastán suite sa spás do Cheannaitheoir Céaduaire ag an taispeántas agus bhí an fhoireann an-ghnóthach leis na cuairteoirí iomadúla a tháinig go dtí an seastán. Ba chleachtadh luachmhar é ár gcur i láthair maidir le feasacht an phobail a chur chun cinn.

Ghlac an tÚdarás páirt sa Comórtas Náisiúnta Treabhaidh i mí Mheán Fómhair 2017 faoin meirge "Ionad Náisiúnta Maoine agus Faisnéise Talún" inar chomhoibrigh an tÚdarás agus gníomhaireachtaí maoine poiblí agus príobháideacha don chéad uair. I dteannta leis an PSRA, bhí comhlachtaí maoine ar nós an tSuirbhéireacht Ordanáis, an tÚdarás Clárúcháin Maoine (PRA), an Oifig Luachála, na comhlachtaí ionadaíocha tionscail, An Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla (IPAV) agus Cumann Shuirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) agus Myhome.ie. Sheol an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an

tUasal Charlie Flanagan, TD Tuarascáil Bhliantúil an PSRA 2016 ag an ócáid agus thug an tUasal Anna May McHugh, Stiúrthóir Bainistíochta an Comórtas Treabhaidh, cuairt ar ár seastán ar lá an seolta. D'éirigh go hiontach lenár gcomhpháirtíocht le comhlachtaí maoine eile agus tá an tÚdarás ag súil le leanúint ar aghaidh leis seo le linn 2018.

## Suíomh Gréasáin

Tá forbairt ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ar siúl agus táthar ag súil go seolfar láithreán gréasáin nua i 2018. Beidh an suíomh gréasáin seo idirghníomhach agus níos éasca le nascleanúint, agus cuirfear an fhaisnéis atá á lorg ag an gcuairteoir ar fáil. Áireofar sa suíomh nua rannóg atá tiomnaithe do thomhaltóirí, áit ar féidir leo faisnéis agus treoir a fháil maidir le soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe a úsáid.

## Fóram

Bhunaigh an PSRA Fóram do pháirtithe leasmhara earnála, ina bhfuil baill de dá ghrúpa ionadaíochta air, thionóil oifigigh comhlíonta agus soláthraithe seirbhíse dhá uair i gcaitheamh na bliana. Rinne an Fóram plé ar shaincheisteanna a bhaineann le ceadúnú, oibreoirí neamhcheadúnaithe, gearáin, rannpháirtíocht leis an earnáil agus leis an bpróiseas athnuachana ceadúnais ar líne. Is modh dearfach é an Fóram maidir le malartú tuairimí ar shaincheisteanna earnála.

# Dul Chun Cinn ar Chuspóir Straitéiseach 4

## Cláir Phoiblí a Choimeád

### Cláir Phoiblí

Coimeádann an tÚdarás trí Chlár Phoiblí, eadhon, an Clár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe, Clár na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine agus Clár na Léasanna Tráchtála

### An Clár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe

Sa Chlár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe, foilsítear an praghas, an dáta díola agus seoladh gach maoine cónaithe a dhíoltar in Éirinn ó Eanáir 2010. Faightear an t-eolas maidir le praghsanna díolacháin maoine ó rannóg ríomhstampála na gCoimisinéirí Ioncaim. Tugtar an t-eolas seo cothrom le dáta ar bhonn seachtainiúil agus foilsítear é laistigh d'aon mhí amháin ó dhíoltar an mhaoin.

Sa bhliain 2017 , bhí 1.9 milliún cuairt ar an gClár Praghsanna Maoine, agus mar sin, is é an clár a dtugtar an líon is mó de cuairt air de chuid an Údaráis.

### Clár na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine

Foilsítear clár na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Baineann cliaint soláthraithe seirbhíse maoine leas as an gclár seo chun a dheimhniú go bhfuil ceadúnas ag an soláthraí seirbhíse atá á fhostú acu. Trí úsáid a bhaint as soláthróir seirbhíse ceadúnaithe, tá cosaint ag an gcliant faoin Acht, lena n-áirítear, rochtain ar mheicníocht gearáin an Údaráis, an ceart ar imscrúdú a dhéanamh ar a ngearán agus rochtain ar Chiste Cúitimh an Údaráis sa chás go mbeadh caillteanas ann don chliant mar thoradh ar ghníomh mímhacánta an cheadúnaí. Ní fhéadfaidh an Údaráis imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann de chliaint soláthraithe neamhcheadúnaitheseirbhísí maoine, mar gheall nach ceadúnaithe iad. Mar sin féin, i gcúinsí den sórt sin, déanfaidh an tÚdarás, áfach, imscrúdú ar an oibritheoir neamhcheadúnaithe a ndearna an cliant gearán ina choinne.

Áirítear ar na sonraí a fhoilsítear i gClár na Soláthraithe Seirbhíse Maoine:

- Ainm an Cheadúnaí
- Seoladh an Cheadúnaí
- Catagóir an Cheadúnaí (m.sh. Cuideachta, Trádálaí Aonair, Fostaí)
- Cineál an Cheadúnais (A,B,C, D)
- Dáta Dhul in Éag an Cheadúnais

Déantar an Clár a nuashonrú gach seachtain.

### Clár na Léasanna Tráchtála

Tá dualgas reachtúil ar thionóntaí maoine tráchtála an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil maidir le léasanna tráchtála a dhéantar an 3 Aibreán 2012 nó ina dhiaidh sin:

- Seoladh na maoine tráchtála léasaithe;
- Dáta léasaithe na maoine;
- Téarma blianta an léasa;
- An cíos atá iníoctha maidir leis an maoin;
- Dáta tosaithe théarmaí an léasa;
- An chomaoin caipitil (más ann) atá le híoc ag an tionónta nó ag an tiarna talún maidir leis an maoin tráchtála atá faoi réir an léasa;
- An mhinicíocht ina ndéantar athbhreithniú cíosa ar an maoin;

- Na sonraí maidir leis an duine atá faoi dhliteanas maidir le rátaí, árachas, táillí seirbhíse agus deisiúcháin maidir leis an maoin;
- Glanachar urláir, in aghaidh gach urláir, den mhaoin;
- Na sonraí (más ann) maidir le tréimhsí atá saor ó chíos, an tréimhse feistithe a cheadaítear, liúntas maidir le feistiú agus ranníocaíochtaí caipitil maidir leis an maoin;
- Na sonraí maidir le haon chlásal a bhaineann le briseadh isteach atá sa léas; agus
- Uimhir aitheantais deimhnithe laistigh de bhrí na Rialachán Dleachta Stampa (Ríomhstampláil Ionstraimí) 2009

Chomh maith le heolas mionsonraithe a chur ar fáil maidir le léasanna a rinneadh an 3 Aibreán 2012 nó ina dhiaidh sin, tá eolas bunúsach sa chlár freisin maidir le léasanna a rinneadh idir 1 Eanáir 2010 agus an dáta sin. San iomlán, rinneadh 64,590 iontráil suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2017. Tá sé seo i gcomparáid le figiúr de 52,704 ag deireadh mhí na Nollag 2016. Foráiltear leis an gceanglas dlí faoi alt 88 den Acht go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu siúd a ghlacann léas tráchtála clárú le Bunachar Sonraí um Léas Tráchtála an Údaráis laistigh d'aon mhí amháin. Tá líon suntasach tionóntaí ann a ghlacann léasanna dá leithéid nach gcomhlíonann an ceanglas seo.

In 2017 d'athdhear an tÚdarás an Bunachar Sonraí um Léasanna Tráchtála d'fhonn gabháil éigeantach na faisnéise riachtanaí a éascú ar bhealach níos struchtúrtha agus níos éasca le húsáid. Leis an bhforbairt seo, tugtar an deis do thionóntaí (nó a nionadaí) an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil ar líne agus cuirtear deireadh leis an ngá le cáipéisí a chur isteach maidir leis an iontráil. Faoi dheireadh na bliana, fuarthas breis agus 25,000 tuairisceán léasa agus foilsíodh iad ar láithreán gréasáin an PSRA agus tá an Rannóg um Léasanna Tráchtála ag leanúint ar aghaidh le comhlíonadh a chinntiú trí fheachtais leanúnacha éagsúla um fheasacht phoiblí.

# Dul Chun Cinn ar Chuspóir Straitéiseach 5

## Úsáid éifeachtach d'acmhainní daonna, airgeadais, bainistíochta agus teicniúla

### Acmhainní Foirne

Bhí acmhainní foirne ar cheann de na dúshláin ba shuntasaí a bhí ag an Údarás sa bhliain 2017.

Nuair a bunaíodh an tÚdarás, measadh go mbeadh 30 ball foirne ar laghad (1POF, 2PC, 10AOF, 11PO agus 6CO) riachtanach ionas go mbeadh an tÚdarás tabhairt faoina chuid feidhmeanna. Reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) comórtas le haghaidh Imscrúdaitheoirí Rialála ag grád AOF i mí Lúnasa 2017. Ag deireadh 2017, líonadh 2 phost d'Imscrúdaitheoirí Rialála Nua ón gcomórtas seo. Sa chomórtas seo, tugadh ardú céime do bheirt OF a bhí ann cheana. Ag deireadh na bliana, san Údarás a bhí faoi cheannas an POF, bhí 1 PC, 7.8 AOF, 5.8 OF agus 6.2 CO (comhionann lánaimseartha) fostaithe ann

### Acmhainní Seachfhoinsithe


In 2017 lean IP Forensics Ltd. Ar aghaidh ag soláthar na n-acmhainní cáilithe riachtanacha chun imscrúduithe a dhéanamh.

Tá cigireacht iniúchta ar chomhlíonadh ceadúnaithe leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, mar phríomhréimse maidir le hobair imscrúdaithe. Lean na cigirí seachtracha ar aghaidh le himscrúduithe iniúchóireachta a dhéanamh ar cheadúnaithe i rith 2017. Faoi dheireadh na bliana, sannadh iniúchtaí comhlíonta ar fud gach contae agus bhí 50% de na ceadúnaithe i ngach contae ag céimeanna éagsúla iniúchta.

Ghlac na ceadúnaithe go maith leis an gcigireacht iniúchta maidir le comhlíonadh ar tugadh fúthu, mar dheis eolais do na ceadúnaithe maidir lena gceanglais reachtúla faoin Acht agus mar bhealach do na ceadúnaithe na ceanglais sin a chomhlíonadh araon. Is uirlis don Údarás é an chigireacht iniúchta chun comhlíonadh agus caighdeáin san earnáil a spreagadh.

Chomh maith le cigireacht iniúchta maidir le comhlíonadh, tá tús curtha ag na cigirí seachfhoinsithe le himscrúdaithe ar ghearáin, a thabharfaidh cúnamh le laghdú a dhéanamh ar an riaráiste gearáin.

**Cairt 14** **Struchtúr Foirne amhail 31 Nollaig 2017**



## Oifigigh Chléireachais Shealadacha (TCOanna)

Le linn an tsamhraidh 2016, thug 8 oifigeach cléireachais shealadach, tacaíocht don Údarás agus b'ionann é seo agus 128 seachtain oibre ar an iomlán, chun cuidiú le próiseáil a dhéanamh ar iarratais maidir le ceadúnais a athnuachan agus le hobair léasa tráchtála. Bhí tionchar dearfach ag an bhfáil a bhí ag an Údarás ar na hacmhainní breise seo ar an am próiseála agus ar ghnóthachain éifeachtúlachta d'iarratais ar cheadúnais nua agus d'iarratais athnuachana araon.

## Maoiniú an Údaráis

Íoctar na táillí a ghineann an tÚdarás go díreach isteach sa Státchiste agus ansin déanann an Státchiste an soláthar airgeadais don Údarás. Nuair a bunaíodh é i mí Aibreáin 2012 agus suas go dtí an 31 Nollaig 2017, thug an tÚdarás ioncam ó tháillí ceadúnais de € 13.45 milliún ar ais don Státchiste agus tugadh € 2.25 milliún de sin ar ais i 2017. Sa tréimhse sin, is ionann €8.1 milliún méid iomlán na ndeontas a rinneadh ón Státchiste don Údarás.

## An Ciste Cúitimh

Is é an tÚdarás atá i gceannas an riaracháin ar an gCiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bunaíodh faoin Acht. Tá an Ciste maoinithe ag an earnáil gach bliain agus i gcás gurb é €200 in aghaidh na bliana an leibhéal ranníocaíochta atá le híoc isteach sa chiste ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus €50 in aghaidh na bliana d'Fhostaí.

I gcás go bhfuil an tÚdarás sásta gur thabhaigh cliant de Sholáthraí Seirbhísí Maoine caillteanas mar gheall ar mhímhacántacht an Soláthraí Seirbhísí Maoine agus, faoi réir coinníollacha áirithe atá sonraithe san Acht, féadfaidh sé cúiteamh a íoc leis an gcliant as an gCiste Cúitimh. Amhail an 31 Nollaig 2017, b'ionann an tsuim a bhí ag seasamh chun sochair an Chiste agus os cionn € 3.1 milliún. Le linn 2017, deonaíodh 33 éileamh go hiomlán nó go páirteach agus baineadh na héilimh seo go léir le ceadúnaí amháin. Diúltaíodh dhá éileamh, astu sin, cuireadh achomharc de cheann amháin chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine. Bhí cinneadh ar an achomharc seo ar feitheamh ag deireadh na bliana.

**Cairt 15 Achoimre ar Éilimh don Chiste Cúitimh i rith 2017**

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na nÉileamh Cúitimh | 51 |
| Líon iomlán na nÉileamh a Deonaíodh go hIomlán | 26 |
| Líon iomlán na nÉileamh Cúitimh a Deonaíodh go Páirteach | 7 |
| Líon iomlán na nÉileamh a Diúltaíodh | 2 |
| Líon iomlán na gCinntí ar Feitheamh | 16 |
| An Bord Achomhairc | 1(Cinneadh ar Feitheamh ar 1 Diúltú) |
| Íocaíochtaí Iomlán arna bhFaomhadh ag an Údarás | €198,337 |

Rinneadh íocaíochtaí de luach € 172,097 ar fad as an gCiste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus bhí gealltanais gan íoc le híocaíochtaí a dhéanamh ag deireadh na bliana de luach € 26,240. Baineann an € 26,240 seo le híocaíochtaí ar faomh an Bord ag a gcruinniú i mí na Nollag 2017.

## An Ciste Cúitimh a chur faoi Árachas

D'aontaigh an tÚdarás an Chiste Cúitimh a chur faoi árachas chun é a chosaint agus chun a chinntiú go bhféadfaí freastal ar éilimh a dhéantar ar an gCiste. Cuireadh an ciste faoi árachas i lár mhí Dheireadh Fómhair 2017**.**

# Dul Chun Cinn ar Chuspóir Straitéiseach 6

A chinntiú go gcuirtear beartais, struchtúir agus nósanna imeachta rialachais cuí i bhfeidhm

## Rialachas Corparáideach -

Tá Rialachas Corparáideach laistigh den PSRA faoi threoir:

- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú;
- Cód Iompair Ghnó do bhaill an Údaráis;
- Nósanna imeachta Airgeadais agus Soláthair

Comhlíonann an PSRA, mar chomhlacht poiblí, leis na nithe ábhartha go léir maidir le rialachas corparáideach a eisíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon Roinn eile de chuid an Rialtais. Bhí Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais don bhliain 2017 agus is féidir é a fháil ar an nasc seo a leanas: *http://justice.ie/en/JELR/Property_Services_Regulatory_Authority_Oversight_Agrement_2017.pdf/Files/Property_Services_Regulatory_Authority_Oversight_Agreement_2017.pdf* Sa Chomhaontú seo, sainordaítear go gcomhlíontar le ceanglais ábhartha an *Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus baineadh é sin amach.

Toisc go dtagann an PSRA faoi shainchúram na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tá an tÚdarás faoi réir iniúchadh bliantúil ag Rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne. Ar leithligh, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) iniúchadh ar bhonn bliantúil ar an PSRA lena chinntiú go bhfuil leabhair chuntais agus próisis chuí á gcoimeád agus go gcloítear le nósanna imeachta.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as feidhmiú na bhfeidhmeanna sin dá bhforáiltear dóibh faoi alt 19 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, lena n-áirítear eolas den sórt sin de réir mar is gá, maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Cuireann an Príomhfheidhmeannach tuairisc atá cothrom le dáta maidir leis an bPlean Straitéiseach agus leis an gClár Rioscaí i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis.

Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán do chinntiú go gcoinnítear cultúr láidir maidir le rialachas corparáideach sa PRSA ar fud na bhfeidhmeanna agus na bhfreagrachtaí go léir agus go dtugtar aghaidh nuair is gá ar aon laige a aithnítear

## Feidhmiú an Údaráis

Is é Cathaoirleach an Údaráis a stiúrann an Bord agus cinntíonn a éifeachtúlacht trína nghnó a eagrú agus trí chlár oibre a leagan síos. Chomh maith leis an gCathaoirleach, tá deichniúr ball eile den Údarás a bhfuil raon leathan de scileanna láidre agus comhlántacha acu. Scaiptear, roimh gach cruinniú den Údarás, na tuarascálacha agus na páipéir ábhartha, lena n-áirítear sonraí maidir le feidhmíocht airgeadais agus tuarascálacha mionsonraithe atá cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar fheidhmiú an Phlean Straitéisigh, sa chás gur cuí, ar bhaill an Údaráis. Bíonn an deis ag an mBord na tuarascálacha seo a phlé agus eolas atá cothrom le dáta a fháil ón bPríomhfheidhmeannach a fhreastalaíonn ar na cruinnithe.

Áirítear ar phríomhfhreagrachtaí an Bhoird:
- Faomhadh agus meastóireacht a dhéanamh ar phlean agus buiséad bliantúilan an Údaráis;
- Saincheisteanna beartais, ar nós forbairt pleananna straitéiseacha, athbhreithniú ar réimsí oibre agus comhlíonadh le cóid chleachtais.
- Coistí comhairleacha nó comhairleoirí a cheapadh
- Táillí a ghearradh agus a aisghabháil
- Forbairt agus cur i bhfeidhm na rialachán
- Riarachán den Chiste Cúitimh agus cinntí maidir leis an gcéanna..

Tá sceideal feidhmeanna tarmligthe ag an mBord ar an bPríomhfheidhmeannach, lena n-áirítear:
- Ceadúnais a eisiúint agus a dhiúltú agus ábhair ghaolmhara
- Imscrúdú ar ghearáin, lena n-áirítear cigirí a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh orthu
- An Clár Praghsanna Maoine agus Clár na Léasanna Tráchtála a bhunú agus a choimeád
- Iarratais chuig an Ard-Chúirt

## Measúnacht Feidhmíochta an Údaráis

I 2017, chuir baill an Údaráis tús le measúnú feidhmíochta féinmheasúnachta an Údaráis de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí arna Maoiniú ag an Stát a Rialú. Déanann Cathaoirleach an Bhoird maoirseacht bliantúil ar an gceanglas maidir le measúnachtaí feidhmíochta féinmheasúnaithe. Chomhlánaigh gach ball den Bhord a gceistneoir féin-mheasúnaithe go neamhspleách agus chuir siad é faoi bhráid Cathaoirligh an Bhoird faoi dheireadh na bliana. Déanfar measúnacht sheachtrach ar an mBord i 2018, ag teacht leis an gceanglas go ndéanfar meastóireacht dá leithéid uair amháin ar a laghad gach trí bliana.

## Bainistíocht Riosca

Tá beartas bainistíochta riosca foirmiúil i bhfeidhm ag an Údarás agus déanann sé Clár Riosca a choimeád de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais, a ndéantar bainistíocht air ar bhonn leanúnach. Tá cothabháil an chláir leagtha amach lena chinntiú go n-aithnítear agus go ndéantar measúnú ar rioscaí ar bhonn leanúnach agus go gcuirtear na bearta maolaithe cuí, faoi réir acmhainní, i bhfeidhm. Is mír sheasta é an Clár Riosca ar Chlár Oibre de gach cruinniú den Bhord. Bunaíodh Coiste Iniúchta agus Riosca an Údaráis i 2017 agus reáchtáladh a chéad chruinniú in Aibreán na bliana sin. Bhí an deis ag an gCoiste teacht le chéile trí huaire ó mhí Aibreáin 2017 ar leith agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh sé le chéile roimh gach ceann den cúig chruinniú atá sceidealta don Bhord i 2018.

Sa tábla thíos, léirítear na príomhrioscaí féideartha a d'aithin an eagraíocht agus na bearta maolaithe atá ann chun na rioscaí seo a laghdú:

### Cairt 16: Rioscaí aitheanta

| Riosca aitheanta | Bearta Maolaithe i bhfeidhm |
|---|---|
| Acmhainní imscrúdaithe cuí neamhimleor | Seachfhoinsiú d'iniúchtaí agus imscrúduithe |
| Sonraí neamhiomlána ar Chlár na Léasanna Tráchtála | Sannadh acmhainní breise. Úsáid éifeachtach de roghanna faisnéise chun tionóntaí a chur ar an eolas maidir lena gceanglais dhlíthiúla faoin Acht. |
| Riaráistí gearáin | Sannadh acmhainní breise.<br>Seachfhoinsiú d'imscrúduithe gearán |
| Riosca do na cosaintí atá bunúsach sa chóras ceadúnaithe mar gheall ar oibreoirí neamhcheadúnaithe | Leithdháileadh d'acmhainní. |

## Comhlíonadh Caiteachais Phoiblí

Le linn 2017, chomhlíon an tÚdarás le forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Féadtar an Ráiteas um Rialú Inmheánach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine do 2017 a fháil in Aguisín A den tuarascáil seo.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Déanfar Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sheachadadh chuig gach ceadúnaí ar fud meánmhéide éagsúla - trí duine le duine, seimineáir, ar líne agus trí sheachadadh réigiúnach. Soláthróidh an Scéim cúig uair foirmiúla FGL do gach ceadúnaí an PSRA. Beidh dhá phríomhchatagóir FGL ann, eadhon, Reachtaíocht agus Rialachán agus Ginearálta agus Bainistíocht, a bheidh briste síos i raon de mhodúil éagsúla a dhéanann ionadaíocht do réimsí atá riachtanach chun seirbhís ghairmiúil a sheachadadh, agus a d'fhéadfadh bheith mar chúis le níos mó muiníne poiblí i soláthraithe seirbhísí maoine maidir le seirbhís ghairmiúil inniúil a sheachadadh.

Tharraing an tÚdarás i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) doiciméad tairisceana cuimsitheach inar leagadh amach an scéim FGL agus na coinníollacha maidir lena seachadadh agus d'eisigh sé Iarraidh ar Thairiscint (RFT) chun clár FGL an PRSA a sholáthar, thar ceann an Údaráis. Tar éis próiseas tairisceana iomaíoch, bronnadh seachadadh an FGL ar dhá chomhlacht inniúil thar ceann an Údaráis; An Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla (IPAV) agus Cumann Shuirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI).

Cuirfear tús le clár FGL an PRSA in Eanáir 2018 agus cuirfear i bhfeidhm é go náisiúnta i rith 2018.

## Saoráil Faisnéise (SF)

An 14 Aibreán 2015, tháinig an tÚdarás faoi théarmaí tagartha an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF) don chéad uair, de bhua an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Is é cuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise a chinntiú go bhfuil faisnéis oifigiúil ar fáil don phobal chomh fada agus is féidir, ag teacht le leas an phobail agus an ceart chun príobháideachta.

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil na cearta seo a leanas ag gach duine:

- an ceart chun rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag comhlachtaí poiblí mura bhfuil díolúine ina leith faoin dlí;
- an ceart chun eolas pearsanta a cheartú nó a thabhairt cothrom le dáta sa chás go bhfuil eolas dá leithéid neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- an ceart chun fáthanna a fháil le haghaidh cinntí a ghlacann comhlachtaí poiblí, i gcás ina ndéanann na cinntí sin difear go sainráite leo.

D'fhonn sárchleachtas a chinntiú ó thaobh riaracháin maidir lena fheidhm nua SF reachtúil, cheap an tÚdarás ball foirne chun feidhmiú mar Oifigeach SF agus chun cuidiú leis an bpobal an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as nósanna imeachta SF.

Fuair an tÚdarás 3 iarratas FOI i 2017. Agus measúnú á dhéanamh ar gach aon iarratas, bhí beartas i bhfeidhm ag an Údarás an t-iarratas a dheonú, agus ina dhiaidh sin chuir sé an tástáil "díobhála" i bhfeidhm agus an tástáil "leas an phobail" ina dhiaidh sin arís de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Urramaíodh an comhlíonadh leis na teorainneacha ama déine arna leagan amach san Acht um Shaoráil Faisnéise.

Rinne baill den phobal an trí iarratas. Deonaíodh i bpáirt dhá iarratas agus deonaíodh go hiomlán an t-iarratas eile. Ba í faisnéis neamhphearsanta agus meascán d'fhaisnéis phearsanta agus neamhphearsanta araon an cineál faisnéise ar iarradh air. Ní dhearnadh aon iarratais ar fhaisnéis phearsanta amháin.

Ba chomhghearánaigh a chur ceann amháin de na hiarratais isteach, a deonaíodh i bpáirt, iarratas ar mhionsonraí maidir leis an gcaoi ar dheileáil an tÚdarás lena ngearán, lena n-áirítear mionsonraí ar chruinnithe a raibh amhras orthu gur tharla sé. Ní raibh cuid mhaith den fhaisnéis a bhí á lorg acu ann, m.sh. Níor reáchtáladh riamh na cruinnithe amhrasta.

Rinneadh iarratas eile ar fhaisnéis freisin ar an gcaoi a láimhseáil an tÚdarás lena ghearán (bhí na forálacha uile den Acht uile ídithe go hiomlán ag an bpointe sin, lena n-áirítear achomharc agus díbheadh an gearán). Deonaíodh an t-iarratas seo go hiomlán ach amháin i gcás doiciméad rúnda a choinneáil nach raibh an t-iarratasóir ina pháirtí (déileáladh go hiomlán leis an tsaincheist maidir le scaoileadh seo mar chuid den imscrúdú ar a ghearán agus den achomharc a rinne sé ina dhiaidh sin chuig Bord Achomhairc na Seirbhísí Maoine nuair a sheas an Bord Achomhairc le diúltú an Údaráis an doiciméad rúnda a scaoileadh).

Bhain iarratas eile le sonraí neamhphearsanta na gCigirí a cheap an tÚdarás. Deonaíodh é seo go hiomlán.

I gCairt 17 tugtar achoimre ar thoradh gach iarratas agus léirítear na díolúintí san Acht um Shaoráil Faisnéise a chuir cosc ar scaoileadh faisnéise.

### Cairt 17 Díolúintí Acht um Shaoráil Faisnéise a Úsáideadh

| Tag Comhaid | Catagóir Iarrthóra | Deonaithe | Deonaithe i bPáirt | Diúltaithe | Díolúintí - Ailt Ábhartha den Acht um Shaoráil Faisnéise | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 15 | 35 | 37 |
| 1 | B | | X | | X | | |
| 2 | B | | X | | | X | X |
| 3 | B | X | | | | | |

**B = Ball den Phobal**

Sna cásanna nach ndeonaíodh go hiomlán iad thug an tÚdarás míniú mionsonraithe ar a chinneadh agus ar na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh sin. Go minic, i gcásanna nach meastar go bhféadfaí faisnéis a lorg laistigh de réimse na Saorála Faisnéise, bheadh sé ar fáil don iarrthóir ar bhealaí eile lasmuigh de réimse na Saorála Faisnéise.

## Achomhairc um Shaoráil Faisnéise

Ní dhearnadh aon achomharc um Shaoráil Faisnéise i rith na bliana 2017.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní raibh aon nochtadh cosanta le linn na bliana 2017.

## Leasuithe ar an Acht

Mar chuid de Scéim Ginearálta Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannas, chuir an tÚdarás dhá leasú faoi bhráid maidir leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Bhain an chéad leasú leis an íocaíocht uasta ón gCiste Cúitimh a chumadh agus bhain an dara ceann le leasú ar an sainmhíniú ar smachtbhannaí mór chun foráil a dhéanamh maidir le córas maoirseachta arna fhorchur ag an Údarás ar an gceadúnaí. Cuireadh an dá leasú san áireamh sa Bhille atá á dhréachtú faoi láthair.

# Aguisín A
# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon feidhme Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach um rialú airgeadais inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú san Údarás. Leis an bhfreagracht seo, cuirtear san áireamh an ceanglas a bhaineann le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit.

## Cuspóir an Ráitis um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint, agus go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar nó go mbraitear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, faoin treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Rialuithe Inmheánacha atá i bhFeidhm

Tá an tÚdarás sásta go bhfuil na córais, a bhfuil i bhfeidhm aige, réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis ag féachaint do mhéid, do leibhéal caiteachais, d’acmhainní foirne agus do nádúr a chuid oibríochtaí. Mar sin féin, ní thugann na córais, agus ní féidir leo áfach, dearbhú iomlán a thabhairt nach dtarlóidh earráidí ábhartha.

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i 2016 glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine Chóid.

## Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine ina bhfuil beirt bhall den Údarás agus beirt bhall neamhspleácha air. Thionóil an Coiste don chéad uair an 19 Aibreán 2017. Tá mé sásta, mar Chathaoirleach an Údaráis, gur chomhlíon an ARC a ról go héifeachtúil le trí chruinniú i 2017.

D’athbhreithnigh agus d’aontaigh an Bord an beartas um bhainistíocht riosca a leagann amach a n-ualach riosca agus na próisis bhainistíochta riosca.

Is é an tAonad um Iniúchadh Inmheánach an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thugann faoi feidhm Iniúchta Inmheánaigh an Údaráis Rialála Seirbhíse Maoine faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchta Vóta 24 (Ceartas agus Comhionannas). Is é ról Aonad um Iniúchadh Inmheánach an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais dearbhú neamhspleách a sholáthar don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm thar an Vóta.

Is é an tAonad um Iniúchadh Inmheánach an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thugann faoi iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus rialuithe eile san Údarás agus déanann sé clár iniúchtaí gach bliain.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin a mhaolú, a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm, lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Údaráis agus aithníodh na rioscaí sin, rinneadh meastóireacht orthu agus tugadh grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca, i gcomhairle leis an mBainistíocht Sinsearach an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár riosca tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus chun freagracht as rialuithe a shannadh don fhoireann ar leith. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh doiciméadú de na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar fad,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a áirithiú. Cuireann rannóg TFC na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí TFC ar fáil don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Chuir siad ráiteas dearbhaithe ar fáil inar tugadh cur síos ar na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm i 2017. Cuireann An Post córas iarratais ar cheadúnas ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Fuarthas doiciméad ráthaíochta ón bPost maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá i bhfeidhm i 2017.
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm maidir le measúnú a dhéanamh ar agus íocaíochtaí ón gciste cúitimh.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Tá Doiciméad Rialaithe Inmheánaigh ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine ina aithnítear na rioscaí don Údarás, na rialuithe atá i bhfeidhm agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus monatóireachta.

Glacann an tÚdarás na príomhchinntí straitéiseacha agus thionólann sé go táthrialta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an bhainistíocht feidhmiúcháin ach amháin laistigh den údarás a tharmligean don Údarás chun éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Tá lámhleabhar mionsonraithe ar na nósanna imeachta ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar dualgais foirne a roinnt go cuí agus na rioscaí atá i gceist agus an líon teoranta foirne á gcur san áireamh.

Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun aon easnamh a thuairisciú,
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun na hearraí agus na seirbhísí go léir a cheannach, chun sonraisc a cheadú a bhaineann le hearraí agus seirbhísí agus íocaíocht i leith earraí agus seirbhísí a údarú. Neartaíodh nósanna imeachta maidir leis seo i rith na bliana trí chur i bhfeidhm na moltaí a tháinig chun cinn ón tuarascáil iniúchta inmheánaigh.
- Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla maidir le feidhmíocht agus airgeadas lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad / réamhaisnéisí.
- Tá nósanna imeachta airgeadais agus rialaithe eile an Údaráis faoi réir athbhreithnithe bhliantúil ag Aonad um Iniúchadh Inmheánach an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déanann Coiste Iniúchta an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.

## Dearbhuithe

### *TCF*

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as an tseirbhís tacaíochta roinnte TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm leis an Roinn maidir leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun córais PSRA a chúltacú. Rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú neamhspleách ar an tseirbhís, agus táthar ag fanacht leis an tuarascáil agus na torthaí. Chuir TF Ceartais doiciméad dearbhaithe ar fáil maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm.

Cuireann An Post córas iarratais ar cheadúnas ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Leis an gcóras ar líne seo, cuireadh feabhas mór ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an phróisis athnuachana ceadúnais agus tá tuilleadh forbairtí beartaithe. I 2017, iarradh doiciméad dearbhaithe ar an bPost maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá i bhfeidhm, agus fuarthas é. Tá an tÚdarás i mbun an phróisis chun Comhaontú Leibhéil Seirbhíse a fhorbairt leis an bPost maidir le Licences.ie.

### *Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte*

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as na seirbhísí tacaíochta faoin Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Fuarthas litir dhearbhaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le rialuithe i soláthar seirbhísí comhroinnte.

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte ón Ionad Seirbhísí Párolla Comhroinnte (PSSC) faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Clúdaítear an tseirbhís faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) idir an PSSC agus an Roinn.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine d’fhonn comhlíonadh a chinntiú le rialacha agus treoirlínte soláthair reatha agus go gcomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leis na nósanna imeachta sin i rith 2017

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta agus rialaithe um bainistíocht riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, agus den Choiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2017. Tá an tÚdarás sásta sa mhéid agus is féidir, gur éifeachtach iad na córais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe agus curtha i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain airgeadais 31 Nollaig 2017.

## Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

### *Nochtadh na Mionsonraí maidir le Cásanna ina dtarlaíonn Sáruithe ar Rialú.*

Níor aithníodh aon laigí le rialuithe inmheánacha i ndáil le 2017 lena n-éilítear nochtadh sna ráitis airgeadais.

### *Nochtadh Sonraí maidir le Caillteanas Ábharach nó Calaois*

Níl aon ábhar calaoise le tuairisciú don bhliain 2017.

**Geraldine Clarke**
*Cathaoirleach*

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

# Nótaí

**PSRA**

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**
**Tuarascáil Bhliantúil 2017**

**www.psr.ie**